

# 2021

## Tuarascáil Ar Dhul Chun Cinn



DUBLIN  
NORTH EAST  
INNER CITY





# Laochra Oilimpeacha



*Ócáid fáilte abhaile do Kellie Harrington agus Emmet Brennan Lúnasa 2021*

Ceann de buaicphointí 2021 i Lár na Cathrach Thoir Thuaidh ab ea ár mbeirt laochra Oilimpeacha áitiúla, Kellie Harrington agus Emmet Brennan ag filleadh abhaile. Bhíomar go léir bródúil as paisean agus as tiomantas Kellie agus Emmett le linn a dturas Oilimpeach, ag dul ó cháil áitiúil go cáil náisiúnta le linn roinnt seachtainí samhraidh iontacha, agus ag críochnú le cóisir fáilte abhaile san NEIC agus í tuillte go maith ag ár mbeirt laochra áitiúla.

Bhuaigh Kellie bonn óir Oilimpeach i gcluiche ceannais na dornálaíochta éadrom-mhéachan i dTóiceo le cinneadh d'aonghuth thar churaidh an domhain Beatriz Ferreira ón mBrasaíl. Leanann an beirt Oilimpeach ag tacú le hobair NEIC agus ag spreagadh na chéad ghlúine eile de laochra spóirt NEIC.

# CLÁR NA NÁBHAR:

---

|     |                                                             |    |
|-----|-------------------------------------------------------------|----|
| 1.  | Staitisticí 2021 NEIC                                       | 2  |
| 2.  | Teachtaireacht ón gCathaoirleach                            | 4  |
| 3.  | Ár ngníomhaíocht i rith 2021                                | 6  |
| 4.  | Póilíneacht Fheabhsaithe                                    | 7  |
| 5.  | Sábháilteacht Phobail                                       | 10 |
| 6.  | Deiseanna Oideachais, Oiliúna agus Fostaíochta a Uasmhéadú  | 12 |
| 7.  | Clár P-TECH                                                 | 14 |
| 8.  | Folláine Theaghlaigh                                        | 16 |
| 9.  | Folláine Phobail agus an Timpeallacht Fhisiciúil a Fheabhsú | 20 |
| 10. | Fócas ar Thionscadal: Comhordaitheoir Ealaíon Pobail        | 24 |
| 11. | Áineas Spórtúil agus Clár Folláine                          | 28 |
| 12. | SARI Football for UNITY                                     | 32 |
| 13. | Úsáid Substaintí, Mí-Úsáid agus Cuimsiú Sláinte             | 34 |
| 14. | Ailíniú Seirbhísí                                           | 37 |
| 15. | Oibríocht Athghníomhaithe agus Spóirt NEIC                  | 40 |
| 16. | Ple le Gnóthai                                              | 42 |
| 17. | Maoiniú NEIC 2016 - 2021                                    | 44 |
| 18. | Mianta do 2022                                              | 45 |
| 19. | Nuashonrú ar Bhord Forfheidhmithe an Chláir                 | 48 |
| 20. | Oifig an Chláir                                             | 49 |
| 21. | Aguisín A – Leithdháiltí Cistiúcháin NEIC 2021              | 50 |
| 22. | Aguisín B – Deontais Chomhphobail 2021 545.                 | 54 |

# 1. Staitisticí 2021 NEIC



**€100,000**

i nDeontais  
Phobail curtha  
ar fáil do **44**  
eagraíocht  
phobail.

**10**

Tá 10 mbunscoil  
NEIC agus a gcuid  
daltaí a glacadh  
páirt iomlán anois  
sa chlár City  
Connects.



**389**

Bhain 389 dalta leas  
as seirbhísí curtha ar  
fáil ag tionscnamh  
Teiripe Saothair/  
Teiripe Cainte agus  
Urlabhra NEIC/FSS.  
Chonacthas laghdú  
46 seachtain ar  
amanna feithimh in  
2021.

**1**

Stáisiún na  
nGardaí nua-  
athchóirithe  
i Sráid Mhic  
Giobúin.



**9**

bhfeabhsúchán  
ar chlóis  
súgartha curtha i  
gcrích in 2021.



**457**

ríomhaire  
duine áitiúil  
rannpháirteach i  
gCluichí Gaelacha  
trí Scoil Uí  
Chonaill.

**70**

local  
participants in  
Gaelic Games  
through Scoil Uí  
Chonaill.



**275**

Crann curtha  
laistigh de  
limistéar NEIC  
mar chuid  
den straitéis  
Glasaithe.





Cuireadh oiliúint  
ar fáil do **10**  
scoil áitiúla mar  
chuid den Chlár  
'Nurture Rooms'.

**9**

Faomhadh  
sparánacht  
um fhorbairt  
ghairmiúil  
leanúnach do  
9 n-oibríthe  
cúraim leanaí  
sa NEIC.



Earcaíodh **1**  
chomhordaitheoir  
tuismitheoireachta  
NEIC.


Earcaíodh **16**  
ambasadóir  
idirchultúrtha ó  
**12** náisiúntacht  
a labhraíonn **21**  
teanga.



Ghlac **14**  
duine áitiúil  
páirt i gclár  
oiliúna  
tiomnaithe do  
Mhúinteoirí  
lóga.



Beirt  
Oilimpeach  
agus Bonn Óir  
Oilimpeach  
amháin buaite  
don NEIC.



Ghlac **75**  
duine páirt sna  
ceardlanna  
feasachta  
Dédhiagnóise



Chuir an Tionscnamh  
NEIC suas le  
**59** ríomhaire  
glúine agus **81** fearas  
róbait ar fáil do  
mheánscoileanna  
NEIC chun tacú le clár  
oideachais códaithe  
agus róbataic faoin  
gClár P-TECH.



## 2. Teachtaireacht ón gCathaoirleach

Thar ceann Bhord Feidhmithe Chlár Lár na Chathrach Thoir Thuaidh (NEIC PIB), ba mhaith liom fáilte a chur romhat chuig ár dTuarascáil ar Dhul Chun Cinn 2021. Bliain dhúshlánach ach shaothrach a bhí in 2021 do PIB NEIC, agus leanann na foghrúpaí agus Oifig na gClár ag obair ar son an phobail san NEIC. Chuir an leithdháileadh maoinithe €6.5 milliún a fuaireamar ón Rialtas in 2021 ar ár gcumas leanúint ar aghaidh ag cur raon clár agus tionscnamh i bhfeidhm chun spriocanna Thuarascáil Mulvey - Creating a Brighter Future - agus Plean Straitéiseach NEIC 2020-2022 a bhaint amach. Tá forbhreathnú agus sonraí ar an obair seo le fáil sa tuarascáil seo. Leanamar orainn ag nuáil agus ag teacht ar bhealaí nua oibre chun torthaí follasacha a bhaint amach don phobal. Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt do athléimneacht an phobail in ainneoin na ndúshlán iomadúil atá le sárú i mbliana maidir le cabhrú le hathrú a bhrú chun cinn sa cheantar.

In 2020 chomhaontaigh PIB NEIC tacú le bunú Comhpháirtíochta Sábháilteachta sa Phobal Áitiúil (LCSP). I mí Feabhra 2021 ceapadh Cathaoirleach Neamspleách chun an tionscnamh seo a stiúradh. Tá áthas orm go bhfuil an LCSP curtha ar bun bunaithe agus táim ag tnúth le bheith ag obair i gcomhar leo chun príomhthosaíochtaí a bhaint amach don phobal. Críochnaíodh an t-athchóiriú ar Stáisiún na nGardaí ar Shráid Mhic Giobúin, a bhí mar phríomhchuspóir do PIB NEIC, agus athosclaíodh don phobal é i mí Dheireadh Fómhair 2021 tar éis clár leathan oibre. Beidh an tsaoráid úrscothach seo dírithe ar thacaíocht d'íospartaigh agus ar phóilíneacht phobail, bunaithe ar an dea-chleachtas idirnáisiúnta. Cabhróidh sé seo linn inár n-iarrachtaí saol níos fearr as seo amach a chruthú do chách agus ceantar níos sábháilte agus níos tarraingtí le maireachtáil agus le hoibriú ann

san NEIC. Bhí áthas orm a fheiceáil go mbeidh dhá thionscadal phíolótacha, Comhairleoireacht Mhear agus an Fhoireann Ildisciplíneach, le bheith maoinithe go díreach ag an Roinn Sláinte ó 2022 i leith. Léiríonn an soláthar maoinithe chun na tionscadail seo a chothú, a bhí maoinithe ag PIB NEIC roimhe seo, an rath atá orthu agus ligfidh se dúinn an dá thionscnamh a neartú amach anseo. Bhí rath leanúnach ar an gclár P-TECH in 2021. Is éard atá i gceist leis an tionscnamh oideachais seo, a thugann na scileanna atá riachtanach do Phoist sa 21ú hAois do dhaoine óga, ná comhoibriú idir meánscoileanna, comhpháirtithe tionscail, Coláiste Náisiúnta na hÉireann (NCI).

An Roinn Oideachais (RO) agus PIB NEIC. Go dtí seo, tá an clár seo á chur ar fáil i 3 mheánscoil, mar sin féin, tá an phleanáil agus na hacmhainní riachtanacha curtha ar fáil chun an clár a leathnú amach go dtí na meánscoileanna eile sa cheantar in 2022. Chun cur ar chumas scoláirí NEIC leanúint lena gcuid staidéir ón mbaile le linn dhianghlasáil COVID-19, chuir NEIC 457 ríomhaire glúine agus táibléad ar fáil do scoileanna áitiúla. Dháil na scoileanna na gléasanna ar na scoláirí a raibh gá acu leo. Is é uailmhian PIB NEIC do 2022 an bhéim a choinneáil ar sheirbhísí ardchaighdeán a chinntiú san NEIC. Áiríonn sé seo rannpháirtíocht leanúnach leis an bpobal agus seachadadh tionscadal caipitil shuntasach mar shampla athchóiriú ar iar-Scoil Shráid Rutland. Chuir an obair a rinneadh mar chuid den Straitéis Ghlasaithe go mór le cuma agus le hathmaisféar an cheantair.

Is iontach na dathanna a fheictear nuair a bhíonn na plandaí faoi bhláth agus tiocfaidh feabhas agus forbairt orthu de réir mar a fhásann siad. I measc na

gceantar atá curtha tá lárstráice Chnoc an tSamhraidh, Plás Seville agus Plás Shráid Oiriaila. Tá tuilleadh oibreacha glasaith beartaithe do 2022. Thar ceann PIB NEIC, ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil le Brendan Kenny as a rannpháirtíocht sa chlár agus as a thacaíocht dhaingean ó cuireadh tús leis agus ba mhaith liom an deis seo a thapú chun gach rath a ghuí ar Brendan agus go mbeidh scor fada sona aige. Mar fhocal scoir, ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an Rialtas as a dtacaíocht agus an tosaíocht atá tugtha acu don Tionscnamh seo.


In 2022, táim ag súil le dlúthchomhar leanúnach leis an bpobal, le gnólachtaí, le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus le Ranna agus Gníomhaireachtaí Rialtais agus muid ag leanúint ag obair le chéile chun Plean Straitéiseach NEIC 2020-2022 a chur i bhfeidhm. Michael Stone Cathaoirleach, Bord Forfheidhmithe Clár NEIC.

### **Michael Stone**

Cathaoirleach,  
Bord Forfheidhmithe Clár NEIC.



### 3. Ár ngníomhaíocht i rith 2021





## 4. Póilíneacht Bhreisithe



Stáisiún na nGardaí Shráid Mhic Giobúin athchóirithe

**Laghdú ar choireacht sa phobal. Bagairt dhrongchoirpeachta sa phobal a mhaolú. Muinín an phobail sna Gardaí a chothú. Stáisiún Garda Shráid Mhic Giobúin a athchóiriú agus é a athoscailt.**

**Tá an tArd-Cheannfort Patrick McMenamin, An Garda Síochána, ina chathaoirleach ar an bhfoghruúpa seo.**

I measc na mbuaicphointí ó obair na bliana seo a rinne an foghrúpa d'Fhaighteoirí Ghradaim an Gharda Síochána do Limistéar an Láir Thuaidh do Bhaile Átha Cliath ar Phóilíneacht Fheabhsaithe tá:

- mí Dheireadh Fómhair athosclaíodh Stáisiún Garda Shráid Mhic Giobúin, príomhghníomh de chuid Phlean Gníomhaíochta Straitéiseach NEIC 2020-2022. Beidh an stáisiún seo ina acmhainn ríthábhachtach don phobal amach anseo, ag cuidiú



Faighteoirí Ghradaim Óige an Gharda Síochána i Réigiún Cathrach Bhaile Átha Cliath Láir Thuaidh

leis an NEIC a chosaint ar feadh na mblianta atá le teacht.

- Ghlac Oifigigh Idirchaidrimh don Óige páirt i gcoiste le hionadaithe pobail áitiúla agus le Sáirsintí póilíneachta pobail chun ainmniúcháin a lorg d'iarrthóirí do Ghradaim an Gharda Síochána i Réigiún Cathrach Bhaile Átha Cliath (DMR). Fuair Gradaim an Gharda Síochána do Réigiún Cathrach Bhaile Átha Cliath, atá ina cheathrú bliain anois, ainmniúcháin ó ghrúpaí óige, grúpaí pobail, ó

Oifigigh Idirchaidrimh don Óige agus ó Ghardaí pobail. In ainneoin deacrachtaí a bhí ann le linn na paindéime, fuarthas ainmniúcháin láidre agus roghnaíodh buaiteoirí ag an searmanas bronnta ar raibh an bua tuillte go maith acu

- Tá an Chomhpháirtíocht Sábháilteachta Pobail Áitiúil a chlúdaíonn an Lárchathair Thuaidh curtha ar bun anois agus tá tacaíocht láidir á fáil aici ó na Gardaí áitiúla.
- Leanadh leis an Tionscnamh Idirphlé Pobail in 2021 agus lean na Gardaí, Oibrithe don Ógra agus Páistí le plé cuiditheach ar shaincheisteanna áitiúla ós rud é gur éirigh go rathúil leis an bhliain roimhe. Reáchtáil Líonra Gníomhaíochta Pobail (CAN) an dara cuid den chlár trí Zoom, ina raibh Gardaí ó stáisiúin Mhuinseo agus Shráid an Stórais, a bhí i láthair agus a d'oibrigh thar roinnt seachtainí. Mar chuid den chlár seo, chuaigh Gardaí agus Oibrithe don Ógra san NEIC i ngleic le roinnt topaicí a bhaineann le leanaí san NEIC.
- Lean na hOibrithe don Ógra agus CAN orthu ag obair le leanaí roimh phlé cónaithe i mí na Samhna a reáchtáladh in Ionad an Chabháin, eagraíocht dheonach a bhfuil baint láidir aici leis an NEIC. Tugann na laethanta plé seo deis do Ghardaí pé le leanaí agus le hoibrithe don ógra chun saincheisteanna a bhaineann lena saolta san NEIC a mheas. Tacaíonn Oifigigh Idirchaidrimh don Ógra (JLO) agus Póilíneacht Pobail leis seo.
- Cuireadh Foireann Imeachlaidhe Bainteach le Drugaí (DRI) ar bun i Réigiún Cathrach Bhaile Átha Cliath (DMR) Lár Thuaidh. Tá Cigire amháin agus triúr Sáirsint ag déileáil go sonrach le teagmhais DRI anois. Tá sé de chúram ar mhaoirseoirí imscrúduithe aon teagmhais a d'fhéadfadh a bheith bainteach le DRI a thabhairt faoi aird an Chigire agus tá póstaí ar a bhfuil eolas teagmhála agus ábhar

comhairleach crochta in ionaid fheiceálacha ar fud an NEIC. Eagraíodh roinnt 'laethanta gníomhartha' agus d'éirigh go maith leo maidir le soláthar drugaí a bhaint de shráideanna an NEIC.

- Agus srianta COVID-19 ag cur isteach ar ár saolta go léir, chruthaigh an Oifig Póilíneachta Pobail feachtas "Be Kind Online" agus d'eisigh sí físeán ar líne a mhíníonn do dhaoine óga conas a bheith sábháilte ar líne agus conas a bheith cineálta lena chéile.
- Úsáideadh Feithicil Tacaíochta Pobail an Gharda atá maoinithe ag NEIC i rith na bliana, ag tacú leis na daoine is leochailí sa tsochaí le linn na dtréimhsí ba dhéine de dhianghlasáil COVID-19, lena n-áiríodh oidis agus siopadóireacht a bhailiú do dhaoine scothaosta.
- Reáchtáil Gardaí Pobail Feachtas Feasachta Oíche Shamhna i gClub Óige an Phoirt Thoir chun na contúirtí a bhaineann le tinte cnámh agus le tinte ealaíne a phlé le daoine óga an cheantair.
- Mar chuid d'Oibríocht Blizzard, d'eagraigh Gardaí oibríocht ag Stáisiún Garda Shráid an Stórais chun goid rothar a chosc sa cheantar. Thug Gardaí cuireadh do bhaill den phobal inscríbhinn le huimhir aitheantais uathúil a chur ar a gcuid rothair a chun cabhrú le rothair a rianú sa chás go ngoidfí iad. D'fhreastail slua mór ón bpobal ar an imeacht, a chuidigh le naisc a neartú idir An Garda Síochána agus an pobal áitiúil

# Tionscadal faoi Fhócas Peil Póilíneacht Pobail don NEIC

Agus deireadh á chur le srianta COVID-19 níos déanaí in 2021, thug an fhoireann Póilíneachta Pobail atá lonnaithe ag Stáisiún Garda Shráid an Stórais faoi chluichí peile a eagrú mar bhealach chun leanúint ar aghaidh ag tógáil caidrimh leis an bpobal áitiúil. Reáchtáladh ceann de na cluichí seo idir An Garda Síochána (AGS) agus cónaitheoirí Shráid an tSirriam agus Pobal an Phoirt Thuaidh. Tharla sé an 14 Deireadh Fómhair ar thailte Chumann Peile Shelbourne, a chur fáilte Uí Cheallaigh roimh an dá fhoireann. Chuir Banna na nGardaí tús le himeachtaí na hoíche agus bhí cluiche thar a bheith iomaíoch agus taitneamhach ann ina dhiaidh sin. Imródh an cluiche go han-chairdiúil agus bhí sé an-chomórtasach. Sa deireadh, bhí bua ag AGS gan mór eatarthu le scóráil 4-2. D'éirigh thar barr leis an gcluiche agus tá súil againn go mbeidh go leor eile ann.



*Foireann Rogha NEIC*



*An cluiche idir Rogha NEIC agus An Garda Síochána*



# 5. Slándáil Phobail

## Comhpháirtíocht Sábháilteachta Pobail Áitiúil Lár na Cathrach Thuaidh

**‘Baineann sábháilteacht pobail le daoine a bheith sábháilte agus iad ag mothú sábháilte ina bpobal’.**  
**‘Tá sé de cheart ag gach pobal a bheith sábháilte agus go mothóidís sábháilte le go n-éireoidh leo agus go mbeidh rath orthu.’**

Lean agus d’fhás Comhpháirtíocht Sábháilteachta Pobail Áitiúil póilótach i gCathair Bhaile Átha Cliath Lár Thuaidh. Aithníonn an cur chuige sábháilteachta pobail nach mbaineann fadhbanna an phobail teoranta le ceisteanna póilíneachta amháin. Ag croílár na samhla sábháilteachta tá na seirbhísí cearta a thabhairt le chéile, oibriú lena chéile chun dul i ngleic leis na buncheisteanna a mbíonn tionchar acu ar ár bpobal, agus braistint na sábháilteachta laistigh den phobal, ach is é an pobal féin a stiúrfaidh clár oibre agus cuspoirí na comhpháirtíochta. Tá an tsamhail bunaithe ar an bprionsabal gur gá don phobal a bheith lárnach maidir lena bhfuil de dhíth air a aithint agus maidir le réitigh a mhúnlú. Tá sainchúram ag an tionscnamh seo oibriú i gcomhpháirt le pobail áitiúla, leis na Gardaí agus le seirbhísí poiblí chun go mbeidh Lár na Cathrach Thuaidh níos sábháilte agus níos fearr do theaghlach, do chónaitheoirí agus do ghnóthais. Tá Comhpháirtíocht Sábháilteachta Lár na Cathrach Thuaidh tagtha in áit an Chomhchoiste Póilíneachta (CCP) don cheantar seo anois. Tá an Chomhpháirtíocht comhdhéanta de phríomhchinnteoirí ó sheirbhísí stáit, lena n-áirítear Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, An Garda Síochána, FSS, Tusla agus na Seirbhísí Promhaidh – in éineacht le comhairleoirí atá tofa go háitiúil, agus NEIC – agus ionadaithe pobail.

### 2021 – Plé Áitiúil

I mí Feabhra, ceapadh Cormac ÓDonnchú ina Chathaoirleach deonach neamhspleách ar an gComhpháirtíocht Áitiúil Sábháilteachta Pobail. Ina dhiaidh sin, reáchtáladh sraith dianchomhairliúcháin le cónaitheoirí, grúpaí pobail, ionadaithe poiblí agus



Oifig na Comhpháirtíochta Sábháilteachta Pobail Áitiúil, Sráid James Joyce

páirtithe leasmhara eile chun a dtuairimí a fháil maidir le cur chuige áitiúil chun obair thábhachtach na Comhpháirtíochta a chur ar bun agus a reáchtáil. Mar thoradh air seo tugadh cuireadh gineáralta do na cónaitheoirí agus do na páirtithe leasmhara go léir freastal ar shraith cruinnithe poiblí ar líne chun a dtuairimí a thabhairt agus chun aidhmeanna na Comhpháirtíochta a chloisteáil freisin. Cuireadh na seisiúin seo chun cinn trí fheachtas suntasach póstaeir agus ar na meáin shóisialta i gCathair Bhaile Átha Cliath Lár Thuaidh le tacaíocht ó Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath. Seoladh litreacha chuig gach teaghlach sa cheantar chun an oiread rannpháirtíochta poiblí agus ab fhéidir a spreagadh. Ag na comhairliúcháin leagadh amach coincheap leathan na sábháilteachta pobail, agus leagadh béim air go mba chóir go mbeadh obair na Comhpháirtíochta faoi stiúir an phobail ag leibhéal na comharsanachta áitiúil chun go mbeadh sé éifeachtach. Chuir srianta riachtanacha sláinte poiblí de bharr na paindéime isteach ar obair na Comhpháirtíochta, agus reáchtáladh an chéad chruinniú den Chomhpháirtíocht Áitiúil um Shábháilteacht Pobail ar líne ag deireadh mhí Iúil.

Tá oifig phoiblí nua bunaithe ag an gComhpháirtíocht i Sráid James Joyce, i mBaile Átha Cliath 1.

Sna míonna amach romhainn, leanfar leis na comhráite, an t-idirphlé, na hidirghníomhaíochtaí agus leis an bhfor-

rochtain de réir mar a leanann an Chomhpháirtíocht lena hiarrachtaí oibriú le daoine áitiúla chun go mbeidh a bpobal níos sábháilte agus ina cheantar a chuireann fáilte roimh chách.

### Stáisiún Garda Shráid Mhic Giobúin

Mar chuid de bhunú Thionscnamh Lár na Cathrach Thoir Thuaidh ag an Taoiseach in 2017, socraíodh, i gcomhairle le Coimisinéir an Gharda Síochána, go ndéanfaí athchóiriú ar Stáisiún na nGardaí ar Shráid Mhic Giobúin sula n-osclófaí arís é. Tá an tábhacht a bhaineann le hathoscailt Stáisiún na nGardaí ar Shráid Mhic Ghiobúin agus a luach mar acmhainn don phobal aitheanta i dTuarascáil Mulvey - Creating a Brighter Future agus i bPlean Gníomhaíochta Straitéiseach NEIC 2020-2022 araon.

I mí Dheireadh Fómhair 2021, osclaíodh an stáisiún don phobal arís tar éis clár fairsing athchóirithe. Áis den chineál is nua-aimseartha is ea stáisiún Shráid Mhic Giobúin, atá dírithe go háirithe ar thacú le póilíneacht fhorásach, pobalbhunaithe. Beidh an stáisiún athchóirithe dírithe ar íospartaigh le béim ar phóilíneacht phobail, bunaithe ar dhea-chleachtais idirnáisiúnta. San fhoirgneamh nua tá seomraí agallaimh d'íospartaigh coireanna chomh maith le seomraí scíthe speisialta agus tá bealach isteach ar leith chuig an stáisiún ann.

Ag stáisiún Shráid Mhic Giobúin, déantar gach iarracht príobháideacht agus slándáil na ndaoine is leochailí a chosaint. Tá gach rud ag an stáisiún dírithe ar thacú le híospartaigh agus, dá bharr sin, tabharfar daoine a bhfuil amhras fúthu i gcásanna coiriúla go dtí stáisiún



Sciathán Pobail Stáisiún Shráid Mhic Giobúin



Sciathán Pobail Shráid Mhic Giobúin

atá in aice láimhe seachas go dtí an ceann seo. Tá spás oifige neamhspleách do dhochtúir ann freisin, d'oifig cosanta leanaí agus d'oifigeach idirchaidrimh don óige. Tá an Oifig um Chosaint Leanaí an cheantair lonnaithe ag stáisiún Shráid Mhic Giobúin agus déileálfar inti le cásanna atreoraithe TUSLA agus le daoine ar iarraidh.

Ceann de na rudaí is forásaí a cuireadh leis an stáisiún nua-athchóirithe ná an 'Sciathán Pobail'. Tá seomra comhdhála agus seomra stocaireachta pobail sa limistéar seo. Cuimsíonn sé cistin bheag freisin agus spás tiomnaithe ina spreagfar grúpaí áitiúla bualadh le chéile chun cúrsaí pobail a phlé. Tá seomraí áirithe curtha ar leataobh freisin le haghaidh cruinnithe le gníomhaireachtaí stáit, mar shampla TUSLA. I rith an tsamhraidh, cuirfidh Gardaí an clós ar leataobh áit inar féidir le grúpaí pobail cruinnithe faoin aer a bheith acu. Is féidir dul isteach sa Sciathán Pobail freisin trí dhoras ar leith go dtí príomhdhoras rochtana Stáisiún na nGardaí.

Ina theannta sin, beidh seomra ann d'oifigigh ón Aonad Bleachtaire Dúiche, Oifig Póilíneachta Pobail agus Aonad Rannáin um Seirbhísí Cosanta, a dhéileáileann le íospartaigh mhí-úsáide teaghlaigh agus ionsaí gnéis lonnaithe i Stáisiún Garda Shráid Mhic Giobúin. Feidhmeoidh 'Foireann Freagartha Pobail' ón stáisiún agus ligfidh sí do Ghardaí freagra a thabhairt ar cheistanna ardaithe ag cónaitheoirí. Mar gheall ar an stáisiún nua a bheith oscailte agus trí chur le hacmhainní don cheantar, méadóidh an Garda Síochána a phóilíneacht sofheicthe do cheantar NEIC.

## 6. Deiseanna Oideachais, Oiliúna agus Fostaíochta a uasmhéadú



Tionscnamh Luathfhoghlama NCI 2021

**Aghaidh a thabhairt ar chonstaicí maidir le dul chun cinn daoine óga san oideachas foirmiúil agus deiseanna fostaíochta a mhéadú agus a fheabhsú do lucht fágála scoile. Leibhéil oideachais aosaigh a fheabhsú. Rátaí dífhostaíochta i bpobal NEIC a laghdú.**

**Is í Brenda Boylan, Roinn an Taoisigh, atá ina cathaoirleach ar an bhfoghruipa seo.**

I measc na mbuaicphointí ó obair an fhoghruipa ar Mhéadú Deiseanna Oideachais, Oiliúna agus Fostaíochta i rith na bliana bhí:

- Lean PIB NEIC ag cur maoiniú ar fáil do 55 post faoin gCiste Fostaíochta Sóisialta, rud a chuir feabhas ar sholáthar seirbhíse i gcúram leanaí, cúram iarscoile, obair don ógra, cúram do dhaoine scothaosta, agus tionscadail chomhshaoil agus ealaíon in NEIC.
- Cruthaíodh sparánacht oideachasúil do mhúinteoirí i mbunscoileanna NEIC chun deis a thabhairt dóibh Máistreacht shaincheaptha san Oideachas (Rogha Speisialta Bochtaineacht agus Cuimsiú Sóisialta san

Oideachas) agus é mar aidhm aige níos mó saineolais ar chuimsiú sóisialta a fhorbairt i measc oideachasóirí, coinneáil múinteoirí sa réimse a mhéadú, agus múinteoirí nua a mhealladh chuig poist sa cheantar.

- Trí Chiste Riachtanas atá ag Teacht Chun Cinn an Tionscnaimh, tugadh 457 ríomhaire glúine agus táibléad do scoileanna áitiúla chun aghaidh a thabhairt ar an riachtanas práinneach cianfhoghlaim a éascú le linn na paindéime agus ina diaidh.
- Tá taighde ar bun chun cáipéis straitéise ar oideachas pobail, aosach agus breisoideachais sa NEIC a fhorbairt i gcomhpháirtíocht le Bord Oideachais agus Oiliúna Chathair Bhaile Átha Cliath (CDETB).
- Cuireadh oiliúint ar fáil do dheich scoil áitiúla sa Chlár 'Nurture Rooms', atá dírithe ar fhreagairt do riachtanais shóisialta agus mhothúchána leanaí. Tá féinmheas agus folláine feabhsaithe mar thoradh ar an gclár seo chomh maith le caidreamh níos sláintiúla le piaraí agus leis an bhfoireann, feabhas ar thinreamh agus ar phoncúlacht agus thorthaí foghlama méadaithe mar thoradh air.



- Cuireadh seirbhís aistriúcháin idirthréimhseach ar fáil do scoileanna i gceantar NEIC chun tacú le pobail nua trí chuidiú le bacainní teanga a mhaolú.
- Cuireadh sparánacht ar fáil chun tacú le daoine aonair i bpobal NEIC ata ag ullmhú le tosú ar oiliúint nó ar fhostaíocht.
- Lean Líonra Príomhoidí NEIC (líonra de phríomhoidí scoile áitiúla a sholáthraíonn deiseanna comhoibrithe agus foghlama comhroinnte) ag teacht le chéile go rialta in 2021 agus tá ionadaíocht láidir aige ar an bhfoghrúpa.
- Bhí tacaíocht leanúnach ar fáil do Career L.E.A.P. – clár ullmhachta oibre atá bunaithe ar fhianaise a thacaíonn le daoine óga a bhfuil bacainní breise agus suntasacha os a gcomhair dul isteach san fhórsa saothair.
- Tá sparánacht oideachais agus forbartha gairmiúla leanúnaí curtha ar fáil d'oibrithe cúram leanaí i soláthraithe cúram leanaí pobalbhunaithe.
- Cuireadh maoiniú ar fáil chun seomra Ealaíon agus Folláine a bhunú i mBunscoil Uí Chonaill. Soláthraíonn an seomra spás chun na healaíona a chleachtadh, agus cuireann sé spás ar fáil freisin do leanaí agus don fhoireann araon chun an aire agus an fholláine a chleachtadh.
- Cuireadh maoiniú ar fáil chun cur le tacaíocht gairmthearach do mhic léinn dara leibhéal agus chun rannpháirtíocht oideachasúil sa NEIC a chur **chun cinn**.
- Rinne baill an ghrúpa obair shuntasach chun an clár P-TECH a leathnú chuig meánscoileanna breise sa cheantar.
- Lean an Roinn Coimirce Sóisialaí ar aghaidh ag cur seirbhísí solúbtha ar fáil ar fud na paindéime, lena n-áirítear trí éagsúlacht físeáin a tháirgeadh, trí imeachtaí ar líne a óstáil agus trí ríomhphost a eisiúint le hábhar a bhaineann le cuardaitheoirí poist aonair.

## Fócas ar Thionscadal Clár Rannpháirtíochta Scoileanna na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí

In 2021, sheol an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí (PAS) clár úrnua do dhaltáí dara leibhéal, a bhfuil sé mar aidhm aige suim a mhúscailt sa raon leathan deiseanna gairme atá ar fáil ar fud na hearnála poiblí. Thacaigh Tionscnamh NEIC leis an gclár seo agus cuireadh chun cinn go mór é. Tugann an Pacáiste Acmhainní Scoile um Phoist Phoiblí eolas faoi ghairmeacha san earnáil poiblí ar bhealach nua do threoirchomhairleoirí agus do mhúinteoirí eile, chun muinín a chothú maidir le roghanna gairme san earnáil poiblí a phlé le mic léinn agus lena dtuismitheoirí.

Is acmhainn 'pioc suas agus múin' é an tionscnamh a thagann le curaclam na scoile agus atá ar fáil ar líne. Tá sé phlean cheachta sa Phacáiste Acmhainní, a chlúdaíonn slí beatha éagsúla agus bealaí iontrála chuig an earnáil poiblí, chomh maith le físeáin d'fhostaithe a mhíníonn róil nach bhfuil mórán aithne orthu.

Tá na hacmhainní, atá ar fáil saor in aisce le húsáid, le fáil ar mhicreashuíomh tiomnaithe do scoileanna ar [publicjobs.ie](http://publicjobs.ie) agus tá siad ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla. Mar chuid de dhúshlán fógraíochta a sheolfar in 2022, beidh deis ag daltaí

gairm bheatha san earnáil poiblí a chur i láthair a bpiaraí agus painéal breithiúna.

Tá sé mar aidhm ag an Tionscnamh NEIC, agus ag an bhFoghrúpa um Deiseanna Oideachais, Oiliúna agus Fostaíochta a Mhéadú go háirithe, roghanna gairme uailmhianacha a thaispeáint don iliomad daoine óga atá ina gcónaí agus ag dul ar scoil laistigh den NEIC. Dhéileáil Tionscnamh NEIC go díreach le hionadaithe ó PAS agus le príomhoidí scoile áitiúla chun rolladh amach an chlár Rannpháirtíochta le Scoileanna a spreagadh. Leanfaidh an foghrúpa ag baint úsáide as tionscnaimh agus as feachtais forásacha mar seo chun daltaí áitiúla a spreagadh chun gach rogha gairme agus deiseanna oideachais atá ar fáil dóibh a mheas agus oibreoidh sé chun doirse a oscailt do níos mó daoine in 2022 agus ina dhiaidh sin.



*Dalta meánscoile áitiúil (agus cara!) ag cur sheoladh Chlár Rannpháirtíochta Scoileanna na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí chun cinn.*

## 7. Clár P-TECH

Tionscnamh is ea an tSamhail P-TECH (Conairí sa Teicneolaíocht), ina raibh IBM in cheannródaí air i gcomhpháirtíocht le hoideachasóirí, a chomhtháthaíonn gnéithe den oideachas tríú leibhéal agus taithí san ionad oibre le scoláíocht dara leibhéal, ag díriú ar ghnóthachtáil coláiste agus ullmhacht ghairme. Cuireann P-TECH ar chumas na ndaltaí a n-Ardteistiméireacht a chríochnú agus b'fhéidir, Dámhachtain Leibhéal 6 Cáilíocht agus Cáilíochtaí Éireann (QQI) a bhaint amach ag an am céanna, dámhachtain atá ailínithe go díreach le deiseanna fostaíochta i réimse na teicneolaíochta digití. Feidhmíonn P-TECH freisin mar bhealach chun deiseanna gairme a thaispeáint do dhaltai nár smaoinigh siad orthu nó nárbh eol dóibh cheana.

### Tá trí sprioc ag P-TECH:

1. Oideachas nuálaíoch agus thar a bheith ábhartha a sholáthar do dhaltai an cheantair a chuireann ar a gcumas eispéireas oideachais saibhre a fháil agus cáilíocht tríú leibhéal a bhaint amach mar aon leis na scileanna a theastaíonn chun leanúint lena n-oideachas nó chun dul isteach i ngairmeacha beatha iomaíocha sa teicneolaíocht dhigiteach.
2. Barr chumas na ndaltaí a bhaint amach trí chultúr uathúil a chothú bunaithe ar uaillmhian agus ar ionchais arda do dhaltai agus do dhaoine fásta araon, ionas go mbreathnaíonn na daltaí orthu féin mar “scoláirí coláiste” agus iad “ar chonair ghairme” ón nóiméad a dtosaíonn siad ar an gclár P-Tech.
3. Aghaidh a thabhairt ar an “bearna scileanna” agus an geilleagar a neartú trí fhórsa saothair atá réidh le haghaidh an tionscail dhigitigh a thógáil a bhfuil na scileanna teicniúla agus gairmiúla acu a theastaíonn do phoist san 21ú haois.



*Mic léinn ag baint sult as an gClár P-TECH*

- Tá an Clár P-TECH ag teacht leis an bhfís do Lár Chathair Bhaile Átha Cliath Thoir Thuaidh mar atá leagtha amach sna moltaí atá i dTuarascáil Mulvey, “Building Brighter Futures”, agus leis na spriocanna atá liostaithe i bPlean Gníomhaíochta Straitéiseach NEIC 202-2022.
- Éilíonn P-TECH comhpháirtíocht trí bhealach idir an scoil, institiúidí tríú leibhéal agus comhpháirtithe tionscail, agus ceanglaítear ar gach ceann díobh a bheith tiomanta do rathúlacht na scoile agus a cuid daltaí.
- Áiríonn sé snáithe struchtúrtha foghlama san ionad oibre le meantóireacht, cuairteanna

ar shuíomhanna oibre, cainteoirí, laethanta tionscadail agus intéirneachtaí íoctha scileannabhunaithe.

- Cé go bhfuil sealbhú scileanna TF ábhartha i bpríomhréimsí mar chuid de obair an chúrsa, féachann P-TECH freisin le réiteach fadhbanna agus cruthaitheacht na ndaltaí a spreagadh agus a fhorbairt agus leagann sé béim ar obair foirne, ar chomhoibriú agus ar scileanna cumarsáide. I mí na Samhna 2018, sheol an Taoiseach, an tAire Oideachais agus an tAire Airgeadais P-TECH mar chlár píolótach le trí iar-bhunscoil san NEIC. Tacaíonn an Roinn Oideachais, NEIC PIB agus comhpháirtí tríú leibhéal, Coláiste Náisiúnta na hÉireann, leis an gclár. Is iad na comhpháirtithe gnó reatha:
- IBM
- Cisco
- Irish Life
- Uisce Éireann
- Virgin Media Ireland
- Is iad na trí scoil bhunaidh a ghlacann páirt: CBS Naomh Seosamh, Coláiste Marino agus Coláiste Pobail Lorcáin.

## Dul chun cinn i rith 2021

- I mí Lúnasa 2021, chuir múinteoirí ó na trí scoil bunaidh tús le dámhachtain sainchuspóra P-TECH Leibhéal 9 curtha ar fáil ag Coláiste Náisiúnta na hÉireann (NCI).
- Tá maoiniú curtha ar fáil ag NEIC PIB chun an clár P-TECH a leathnú chuig iar-bhunscoileanna eile sa cheantar le linn 2022. • Chomh maith le maoiniú ón Roinn Oideachais don tionscadal agus tacaíocht ó na comhpháirtithe tionscail, gheall NEIC PIB €103,600 in 2021 chun tús-ualú a dhéanamh ar an mbonneagar TF atá riachtanach sna trí iar-bhunscoil NEIC breise.
- Bhí freagraí suirbhé tosaigh na ndaltaí, na gcomhpháirtithe tionscail agus na meantóirí a ghlac páirt i P-TECH sa tsraith shóisearach an-dearfach. Leanfaidh an Roinn Oideachais ag déanamh monatóireachta agus meastóireachta ar an tionscadal, mar go bhfaighidh na daltaí seo taithí ar P-TECH le linn na hldirbhliana. Déanfaidh an QQI athbhreithniú ar an gclár arís i gceann trí bliana tar éis don chohórt scoláirí seo an tsraith shinsearach a chríochnú.
- I mí Lúnasa 2021, fuair an clár Leibhéal 6 a d'fhorbair Coláiste Náisiúnta na hÉireann bailíochtú tosaigh ó Dhearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (QQI). Don chéad uair in Éirinn, féadfar tús a chur le cúrsa staidéir a bhféadfadh cáilíocht Leibhéal 6 a bheith mar thoradh air, agus daltaí fós ag freastal ar scoileanna dara leibhéal.



## 8. Folláine Teaghlaigh

*Folláine teaghlaigh a fheabhsú ag díriú ar thuismitheoireacht. Feabhas a chur ar fholláine na hóige.*

*Tá Joy McGlynn, Tusla ina cathaoirleach ar an bhfoghrúpa seo.*

*I measc na mbuaicphointí ó obair na bliana a rinne an foghrúpa um Fholláine Teaghlaigh tá:*

- Lean an foghrúpa ag cur lena chuid oibre in 2020, ag díriú ar thacaíocht do thuismitheoirí agus ar mheabhairshláinte an óige.

- Cuireadh maoiniú ar fáil do chúrsaí tuismitheoireachta agus do chlár iarscoile; cuireadh maoiniú leanúnach ar fáil do chomhairleoireacht agus do Chleachtas Aisiríoch, chomh maith le hobair teagmhais chriticiúla le seirbhísí áitiúla.
- Fuarthas maoiniú tríd an Roinn Sláinte chun Mearchomhairliúchán a chur ar fáil d'úsáideoirí seirbhíse laistigh den NEIC.
- Bhí plé leanúnach le seirbhísí óige áitiúla sa



*Halla Spóirt, Club Óige Belvedere*



*Seisiún amhránaíochta sa Seomra Ceoil, Club Óige Belvedere*

cheantar.

- Earcaíodh comhordaitheoir tiomnaithe tuismitheoireachta agus cuireadh fóram tuismitheoireachta saindeartha ar bun don NEIC.
- Lean an foghrúpa ag plé le agus ag tacú le hobair Chlár NEIC City Connects, a chinntíonn go bhfaigheann gach dalta na seirbhísí agus na hacmhainní go léir a theastaíonn uaidh nó uaithi le go n-éireoidh leo agus go bhforbróidh siad ar scoil agus chun a barr a gcumais a bhaint amach.



Cleachtas Aisiríoch - Siúlóid Dúlra Samhraidh NEIC - Caidrimh a Fhorbairt go hÉifeachtac

## Fócas ar Thionscadal

### Cuireann mearchomhairliúchán agus Tacaíochtaí Teiripeacha Soláthraíonn an tSeirbhís Mhear

Comhairliúcháin agus Tacaíochtaí Teiripeacha tacaíochtaí rithábachtacha ar fáil do leanaí agus do dhaoine óga faoi 18 mbliana d'aois a bhfuil deacrachtaí meabhairshláinte agus folláine acu. Tacaíonn an tionscnamh seo freisin le tuismitheoirí agus la caomhnóirí na leanaí agus na ndaoine óga a bhfuiltear ag díriú orthu. Tá an tionscnamh, a bunaíodh trí YPAR (Daoine Óga i mBaol), maoinithe ag Tionscnamh NEIC ó 2018. Is é sprioc an tionscnamh rochtain láithreach ar thacaíochtaí teiripeacha a thairiscint do leanaí agus dhaoine óga a bhfuil deacrachtaí meabhairshláinte agus folláine acu agus dá dteaghlaigh.

In 2021 bhain breis agus 50 duine óg agus a dteaghlaigh leas as na seirbhísí seo. Áirítear ar na buntaistí do leanaí, do dhaoine óga agus do theaghlaigh laghdú ar imní, strus agus tráma, chomh maith le sonas agus muinín méadaithe, cumas méadaithe caidrimh dhearfacha agus iontaobhacha a thógáil, caidreamh teaghlaigh feabhsaithe, agus laghdú ar strus agus ar imní teaghlaigh. I measc na mbuntáistí eile tá rannpháirtíocht fheabhsaithe scoile agus caidreamh sóisialta scoile níos fearr do dhaoine óga, lena n-áirítear laghdú ar an ualach atá ar scoileanna, maidir le déileáil le hiompraíochtaí díobhálacha agus suaiteacha. Tá obair ar siúl le ranna agus le gníomhaireachtaí ábhartha chun maoiniú inbhuanaithe a fháil don tseirbhís Mearchomhairliúcháin agus Tacaíochtaí Teiripeacha.

### Cad é Meitheal?

Is bealach é Meitheal chun cabhrú le leanaí, le daoine óga agus lena dteaghlach a bhfuil deacrachtaí acu athruithe a dhéanamh agus a saol a fheabhsú. In éineacht le Meitheal, oibríonn teaghlaigh agus seirbhísí le chéile chun an cúnamh agus an tacaíocht cheart atá ag teastáil chun na deacrachtaí sin a sháru a fháil. I measc seirbhísí Meitheal tá seirbhísí luathbhlianta, seirbhísí scoileanna & óige, ionaid acmhainní teaghlaigh, raon seirbhísí leighis, agus go leor eile.

Tacaíonn tionscnamh NEIC go hiomlán le rolladh amach Meitheal i Lár na Cathrach Thoir Thuaidh. Trí obair NEIC PIB tugadh spreagadh agus treallús athnuaite do na soláthraithe seirbhíse chun an cur chuige nuálaíoch seo a thabhairt chun cinn lena chinntiú go bhfaigheann úsáideoirí seirbhísí na tacaíochtaí cearta dóibh féin agus dá dteaghlach ag an am ceart. Trí chomhoibriú leanúnach na soláthraithe seirbhísí agus an tacaíocht a chuirtear ar fáil tríd an NEIC PIB, tugtar tacaíocht do Tusla chun an tseirbhís shraitheach, cheannródaíoch seo a sholáthar do bhreis is 100 teaghlach leochaileach ar fud NEIC.

### Cad is féidir le Meitheal cabhrú?

Seo roinnt samplaí de dhúshláin inar féidir le Meitheal tacú le teaghlaigh:

- Deacrachtaí oideachais;
- Iompar deacair;
- Saincheisteanna meabhairshláinte;
- Deacrachtaí airgeadais/tithíochta;
- Tuismitheoirí nach bhfuil ag réiteach lena leanaí; agus
- Breoiteacht nó míchumais.

### Cén difríocht dhéanann Meitheal?

- Tá Meitheal ag cabhrú le 130 páiste sa cheantar agus lena dteaghlach ó 2016 i leith.
- D'oibrigh breis agus 50 seirbhís áitiúil le chéile chun cabhrú leis na teaghlaigh sin.
- Faoi láthair tá 31 teaghlach ag fáil tacaíochta trí Mheitheal.

### Cad a deir tuismitheoirí faoi Mheitheal?

“Mholfainn Meitheal do theaghlaigh eile. Baineann sé an strus ó thuismitheoirí nuair a bhíonn rudaí deacair.”

“Is mór an cúnamh é Meitheal! Cinntíonn sé go n-oibríonn gach duine le chéile agus go bhfuil gach duine os cionn a bhuille.”

“Gan Meitheal ní bheadh an cúnamh ar fad a fuair sí faighte ag m’iníon. Rinne sé difríocht mhór”

“Bhí Meitheal go maith... míníonn siad síos na focail mhóra, déanann siad rudaí a chomhordú, tugann siad na daoine cearta chuig an mbord...”

“Conas is féidir liom é a chur i bhfocail, bhí siad iontach ... Nuair a fhéachaim siar ar chomh crua agus a bhí an saol ag an am agus ar an méid a chabhraigh n Meitheal, is duine níos fearr mé anois. D’fhoghlaim mé conas déileáil le rudaí... tá a fhios agam conas dul i ngleic le rudaí ar bhealach difriúil...”

“Bhí siad an-chabhrach domsa... rinneamar gach rud i bhfad níos tapúla ag obair le chéile, dá mbeadh orm dul chuig gach duine faoi leis thógfadh sé an méid sin ama. I gcruinniú uair an chloig, rinneamar an oiread sin”



# Fócas ar Thionscadal Ceardlanna Iar-Scoile CASPr

Mar chuid de Chlár na nEalaíon Pobail 2021, atá maoinithe ag NEIC, rinne an Tionscadal Iarscoile Pobail (CASPr) sraith ceardlann ealaíne le 45 leanbh, a thosaigh ar 17 Bealtaine 2021 agus a chríochnaigh ar 20 Iúil 2021. Rinn an ealaíontóir Jole Bartoli na ceardlanna a éascú, é fostaithe ag CASPr chun oibriú go cruthaitheach agus go healaíonta le leanaí d'fhonn:

- A gcuid smaointe agus braistintí ar shláinte agus folláine a fhiosrú;
- mothúcháin struis neas-suite le mothúcháin síochánta a chur in iúl; agus
- A bhféiniúlacht agus muintearas a fhiosrú i dtéarmaí teaghlaigh agus/nó suíomh oideachais mar shampla scoil/i ndiaidh scoile agus conas a chuireann na mothúcháin sin lena mbraistintí sláinte agus folláine.

## An Clár

Roinneadh an clár ina dhá chéim: 'TÁIM' agus 'MO SCÉAL'.

- Le linn na chéad chéime, TÁIM, bhí gach leanbh i mbun obair mhachnamhach.
- Dhírigh an dara cuid ar MO SCÉAL, inar ghlac na páistí páirt i gcruthú insinte trí obair aonair agus obair ghrúpa. Dhírigh an chéim seo ar chruthú scéalta agus ar scéalaíocht.

Seachadadh an clár trí shraith ceardlann deartha chun na leanaí a threorú go réidh trí shraith gníomhaíochtaí spráilúla ealaíne, lena n-áirítear líníocht, péinteáil agus colláis.

Rinneadh an clár seo ar Zoom thar dhá lá agus ghlac an dá thionscadal iarscoile CASPr páirt - i.e., Páirc Chearnóg Mhuinseo agus Tionscadal Shráid Sheáin Mhic Dhiarmada. Bhain na páistí úsáid as ábhair éagsúla chun triail chomh forleathan agus ab fhéidir a bhaint astu agus chun cur amach

a fháil ar ábhair agus ar mheáin éagsúla.



Páistí ó CASPr ag taispeáint a gcuid saothar ealaíne críochnaithe

## Céim 1 – Obair mhachnamhach

**TÁIM** Ag forbairt scileanna breathnadóireachta agus tuiscint ar mo nádúr féin.

**TÁIM** i mo Chrann Ag forbairt scileanna samhlaíochta agus tuiscint ar mo nádúr féin.

**TÁIM** i mo Éan Ag forbairt scileanna breathnadóireachta, samhlaíochta, láimhe agus tuiscint ar mo nádúr féin.

**TÁIM** i mo Réalta Ag forbairt braistint muintearais

## Céim 2 – Obair Inste agus ghrúpa MO SCÉAL

Sa dara céim den chlár, tá muinín ag na páistí tosú ag obair i gcomhara chéile, i ngrúpaí ar dtús agus ansin go léir le chéile. Bhí na páistí saor maidir le roghnú conas a dtitfeadh a dturas amach trí na healaíona a iniúchadh agus iad féin a chur in iúl go spráilúil. Thug an fhormaid seo deis do na páistí gnéithe dá gcuid saothar ealaíne óna sainchúlraí cultúrtha, óna naisc theaghlaigh agus óna traidisiúin a chur san áireamh ina gcuid saothair ealaíne.



Saothar ealaíne na rannpháirtithe deartha mar phóstaer taispeána

## 9. Folláine an Phobail agus an Timpeallacht Fhisiciúil a fheabhsú

**Comhtháthú sóisialta agus folláine sa phobal a fheabhsú. An timpeallacht fhisiciúil, an tírdhreach agus glaineacht a fheabhsú.**

*Tá Karl Mitchell, Stiúrthóir – An Chathair Thuaidh, Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath ina chathaoirleach ar an bhfoghrúpa seo.*

I measc bhuaicphointí obair na bliana den fhoghrúpa um Fholláine Pobail agus an Timpeallacht Fhisiciúil a fheabhsú tá:

### Comhordaitheoir Idirchultúrtha a bhunú

Leagann an clár ceannaireachta seo béim ar shaincheistean agus ar bhacainní idirchultúrtha laistigh den NEIC agus oibríonn sé i dtreo timpeallacht atá níos iomchuimsithe do chách. Tá an chéad ghrúpa Ambasadóirí comhdhéanta de 16 duine a dhéanann ionadaíocht ar 12 náisiúntacht agus 21 teanga. Sheol Ardmhéara Bhaile Átha Cliath an clár go foirmiúil i mBealtaine 2021 i gcomhthéacs an mhórshaothair ealaíne ar théama comhlántach nua-shuiteáilte i bPáirc Chearnóg Mhuinseo. Faoi threoirilínthe dochta

Covid-19, chéimnigh na hAmbasadóirí i mí na Samhna 2021 agus d'éascaigh siad in iliomad príomhimeachtaí mar chuid den tSeachtain an Ionchuimsithe agus na Lánpháirtíochta 2021.

### Páirc an Diamaint

Tá an Tionscadal Athfhorbartha ag dul trí phróiseas reachtúil Pleanála Cuid 8 faoi lathair. Tá Roinn Seirbhísí Páirceanna agus Tírdhreacha Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath ag tabhairt dearadh mionsonraithe chun críche faoi láthair mar ullmhúchán don chéim tairisceana faoi dheireadh na bliana.

### Tionscadal an Ribín Ghlais

Tá maoiniú breise ceadaithe ag NEIC PIB i mBealtaine 2021. Fostaíonn an tionscadal comhshaoil seo 11 oibrí ar bhonn pháirtaimseartha faoi Chiste Fostaíochta Sóisialta NEIC.

### Meaisín Poover

Rinne criú Bainistíochta Dramhaíola Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath meaisín nua POOVER leictreach, é deartha go sonrach chun dul i ngleic le salú madraí, a thriail ar shráideanna roghnaithe



Bronnadh Céime na nAmbasadóirí Idirchultúrtha



POOVER Meaisín Bainte Salaithe Madraí





Múrmhaisiú Chearnóg Mhuinseo



Lárstráice Chnoc an tSamhraidh

Iena n-áirítear Sráid Buckingham Uachtarach agus Íochtarach, sráid Chill Airne, sráid Sheáin Mhic Dhiarmada íochtair, sráid James Joyce, Sráid Foley, Sráid na mBéabhar. agus Sráid an Iarnróid. Rinne Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus NEIC PIB cómhaoiniú ar an meaisín. D'éirigh leis an triail agus tá an tionscnamh leathnaithe go sráideanna eile anois.

**Pleanáladh/rinneadh dul chun cinn ar na tionscadail Infreastrúir seo a leanas:**

#### **Athfhorbairt Scoil Shráid Rutland**

Tá próiseas tairisceana ar bun chun Scoil Shráid Rutland a athfhorbairt mar mhol pobail. Le costas measta de €22.5M, fuarthas maoiniú breise ón Rialtas Láir faoin gCiste um Athghiniúint agus Fhorbairt Uirbeach (URDF) agus €900,000 breise geallta ag PIB NEIC. Éascóidh an tionscadal suaithianta seo seirbhísí áitiúla do dhaoine fásta agus óige, naíolann pobail, gairdín pobail, Oifig Ceantair Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, spás fiontraíochta agus go leor eile.

#### **55 Sráid Amiens**

Tá maoiniú ceadaithe ón Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil & Oidhreacht faoi Chiste na Struchtúr Stairiúil. Cuirfidh an maoiniú le tacaíocht struchtúrach, caomhnú agus athchóiriú na haghaidhe siopa stairiúla seo sa ghearrthéarma ar feitheamh forbairt pleananna fadtéarmacha don fhoirgneamh.

**Rinneadh na feabhsuithe seo a leanas ar chlóis súgartha in 2021**

- Rory O'Connor (Athdhromchlú Iomlán)
- Árasáin Shráid William Thuaidh
- Teach Avondale
- Teach an Bhaile Bhoicht
- Sráid Uí Dhoinn
- Árasáin James Larkin
- Plás Courtney
- Teach na Saoirse
- Múrmhaisiú Chearnóg Mhuinseo Chúirt Mhic Ghiobúin Lárstráice Chnoc an tSamhraidh PRO NEIC



# Fócas ar Thionscadal Straitéis Ghlasaithe

Sainiathníonn Straitéis Ghlasaithe NEIC deiseanna chun sráid-dreacha agus spásanna oscailte laistigh den cheantar a fhorbairt agus a fheabhsú ar mhaithe leis na pobail áitiúla agus le cuairteoirí araon. Tá sé mar aidhm aici freisin cáilíocht maireachtála na gcónaitheoirí áitiúla a fheabhsú trí fheabhsuithe a dhéanamh ar an timpeallacht fhisiciúil agus é ag súil, i gcomhthéacs Thuarascáil Mulvey - Todhchaí Níos Gile a Chruthú - go mbeidh Lár na cathrach an Thoir Thuaidh ina chomharsanacht atá níos sábháilte agus níos tarraingtí, ag tairiscint acmhainní áineasa ar ardchaighdeán, le bithéagsúlacht shaibhir laistigh de thimpeallacht shláintiúil.

Ó foilsíodh an straitéis in 2018, tá líon mór tionscadal tagtha chun críche agus tá dul chun cinn suntasach déanta maidir le breisiú agus le feabhsú iomlán an tírdhreacha fhisiciúil. Le leithdháileadh breise de €545,000 ceadaithe ag Bord NEIC in 2021, cuireadh an liosta tionscadal seo a leanas chun cinn:

1. **Obair Athchóirithe Tírdhreacha**  
Larstráice Chnoc an tSamhraidh Críochnaithe
2. **An Chanáil Ríoga**  
**Céim 2 – Páirc Líneach**  
10,000 bleibín earraigh curtha le linn an fhómhair seo chomh maith le fál sceiche dúchasaí breise.
3. **Plás Seville Oibreacha** athchóirithe  
tírdhreacha críochnaithe.
4. **Plás Shráid Oirialla/Mionpháirc**  
Obair críochnaithe.
5. **Ceapach Féinmharaíthe**  
- **Oibreacha Athchóirithe**  
Tírdhreacha an Ghairdín  
Bithéagsúlachta Críochnaithe
6. **Oibreacha Athchóirithe**  
**Tírdhreacha an Ghairdín**  
Bithéagsúlachta Phlás Sackville  
Críochnaithe.
7. **Deontas Glasaithe Mheánscoil Uí Chonaill (Seomra ranga Iasmuigh)**  
Tionscadail Ghlasaithe Leanúnacha agus tacaíocht.
8. **Ascaill Annesley Oibreacha**



Athfhorbairt Tírdhreacha Phlás Seville.

## Achoimre

Tá breis is **275** crann sráide agus páirce leathaibí curtha san NEIC, arb ionann é sin agus méadú beagnach 30% ar an gclúdach crann sa cheantar.



Athraíodh breis agus **2,400m** cearnach d'achar dromchla crua go ceapacha plandála..



Tá os cionn **900** méadar líneach d'fhálta sceach dúchasacha curtha.



Cruthaíodh thart ar **450m<sup>2</sup>** de limistéir bláthanna fiáine



# 10. Fócas ar Thionscadal: Comhordaitheoir Ealaíon Pobail

In 2021, leithdháil PIB NEIC maoiniú de €155,000 chun clár ealaíon pobail a chruthú agus a chur ar fáil, rud a cheiliúrann agus a thógann ar na cláir ealaíon cruthaitheach atá ar siúl san NEIC go dtí seo. Tá ról an Chomhordaitheora Ealaíon Pobail ríthábhachtach don chlár seo.

I Lúnasa 2021 ceapadh Irma Grothuis, mar Chomhordaitheoir Ealaíon Pobail. Mar Chomhordaitheoir Ealaíon Pobail, bainisteoidh Irma gach ceist oibriúcháin agus riaracháin a bhaineann le pleanáil, eagrú agus seachadadh clár cuimsitheach ealaíon pobail. Beidh sí i gceannas ar ábhar ealaíonta agus cruthaitheach atá á bhforbairt trí chomhairliúchán leis an bpobal, cúram leanaí, grúpaí cónaitheacha agus óige, lena n-áirítear ealaíontóirí áitiúla agus eagraíochtaí ealaíon a bhfuil baint acu leis an tionscadal.

Tá Irma ag obair i réimse na n-ealaíon pobail le fiche bliain anuas. Is as cúlra téatair í ó dhúchas, agus d'oibrigh sí leis an gCumann Náisiúnta Drámaíochta don Aos Óg, (Amharclann Ógra na hÉireann anois), seirbhísí óige, agus le blianta beaga anuas tá baint ag a cuid oibre le hobair le hÚdaráis Áitiúla chun cláir agus beartais ealaíon bríoch a fhorbairt ar féidir leo a chinntiú go mbíonn guth phobail a bhféadfadh a bheith imeallaithe agus/nó míbhuntáiste curtha san áireamh agus iad siúd a chumhachtú. Tá a cuid oibre bunaithe ar an gcreideamh gur chóir go n-éistfeadh rannpháirtíocht ealaíon laistigh den chomhthéacs pobail, agus go mbeadh sí cuimsitheach, comhsheasmhach, forbraíoch agus ar ardchaighdeán.



*Siúlóid na dTaibhsí, Féile na Screada Móire*



*Canalaphobia, Féile na Screada Móire*





*Gairdín na Sióg Páirc Chearnóg Mhuinseo, Féile na Screada Móire*



*Gairdín na Sióg Páirc Chearnóg Mhuinseo, Féile na Screada Móire*



*Dracula scanraithe ag seoladh Fhéile na Screada Móire i bpáirc Chearnóg Mhuinseo*

## Fócas ar Thionscadal Múrmhaisiú Mhuinseo

Tháinig tionscnamh NEIC i gcomhar le hÉire Cruthaitheach, Oifig Ealaíon Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus Lár-Oifig Ceantair le chéile chun múrmhaisiú a chruthú chun an éagsúlacht sa cheantar a cheiliúradh. Cruthaithe ag an bpobal don phobal, cuimsíonn an suiteán seo pobal atá tiomanta don chuimsiú agus don imeascadh. D'oibrigh Coláiste Pobail Larcáin, Seirbhís Óige na Bradóige, agus Tionscadal Iarscoile Pobail (CASPr), go díograiseach chun píosa atá cuimsitheach, dar leo, a chumadh, a thógáil agus a chríochnú do gach duine a bhfuil cónaí air/uirthi sa cheantar. Bhí Fionnuala Halpin agus a foireann i gceannas ar na hoibreacha agus thug breis agus 50 ógánach ó Larkin, Bradóg, agus CASPr cúnamh iontach dóibh thar thréimhse 5 lá. Bhuaigh an tionscadal Gradam Óige an Gharda Síochána as rannpháirtíocht phobail agus as an bpobal a thabhairt le chéile.



Múrmhaisiú Mhuinseo

## Fócas ar Thionscadal Lá Spraoi Kellie Harrington

Reáchtáladh Lá Spraoi in ómós do laoch áitiúil agus buaiteoir Bonn Órga Oilimpeach Kellie Harrington ar an 26 Meán Fómhair i Lár na Cathrach Thoir Thuaidh. Le himeachtaí mar dornálaíocht, dúshláin ghiomnáisiam, ceol, siamsaíocht do leanaí agus go leor eile le roghnú astu, d'éirigh go hiontach leis an imeacht. D'fhreastail breis is céad caoga duine ar an imeacht ina measc Kellie agus bhí deis ag go leor bualadh le chéile agus a ngrianghraf a ghlacadh lena laoch áitiúil. Ba í foireann Pobail Cheantar Lár na Cathrach Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath a d'eagraigh an ócáid, i gcomhpháirtíocht le Clár Spóirt agus Folláine Thionscnaimh NEIC.



Lá Spraoi Kellie Harrington





# Fócas ar Thionscadal Cuimhneacháin 80 bliain de Bhuamáil na Trá Thuaidh

- Eagraíodh sraith imeachtaí chun 80 Bliain ó tharla buamáil na Trá Thuaidh le linn an Dara Cogadh Domhanda i 1941 a chomóradh. Bunaíodh coiste áitiúil agus d'oibrigh sé go dlúth le hOifig an Chláir NEIC, Oifig Limistéir Lár na Cathrach Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, an Coiste Cuimhneacháin agus an tSeirbhís Leabharlanna chun an ócáid a chomóradh. Ghlac Ardmhéara Bhaile Átha Cliath agus Ambasadóir na Gearmáine páirt i searmanas leagtha bhláthfhleisce ag séadchomhartha na n-íospartach i gColáiste Marino, agus ina dhiaidh sin bhí féachaint speisialta faoi stiúir an phobail ar na himeachtaí lena n-áiríodh taispeántas ábhar atá coimeádaithe ag an tSeirbhís Leabharlainne. I measc gníomhaíochtaí breise bhí:
- Léiriúchán físbhair nua ag an nGrúpa Comórtha Pobail Áitiúil agus ag an tSeirbhís Leabharlanna.
- Tógadh 28 mionbhád agus seoladh at an gcanáil iad agus ainm duine nach maireann ar gach ceann díobh.
- Rinneadh 3,000 nuachtán comhaimseartha a athchló agus a scaipeadh ar fud an cheantair.
- Glanadh an séadchomhartha i gColáiste Marino, lena n-áirítear na bealaí siúlóide doirneogacha, roimh an gcomóradh.
- Ceolchoirm beosrutha ag Banna Ceolchoirme Bhaile Átha Cliath.
- Soilse cuardaigh os cionn na Trá Thuaidh tráthnóna an 31ú.



*Iar-Ardmhéara Hazel Chu ag searmanas leagtha bláthfhleisce chun 80 bliain bhuamáil na Trá Thuaidh a chomóradh ag Teach Uí Chonghaile ar an Trá Thuaidh*



# 11. Clár Áineasa Spóirt agus Folláine

## Buaicphointí Clár 2021

### Gasóga na Trá Thuaidh – Uiscebhealaí Bhaile Átha Cliath Thuaidh a thaiscéaladh

Chuir Tionscnamh NEIC maoiniú ar fáil chun tacú leis an 99ú Gasóga na Trá Thuaidh de chuid 2ú Calaphort Bhaile Átha Cliath dul ar eachtra iontach deireadh seachtaine ar bord an Bhrian Ború le linn mhí Mheitheamh na bliana seo. Thar dhá lá agus iad scaipthe i dhá ghrúpa ar leith, fuair 16 fiontaróir óga, le tacaíocht chumasach ó sheisear ceannairí, an Captaen Hugh agus an

Príomh-mhata Johnny, oideachas (agus a gcosa báid!) trí fhoghlaim faoi sheolta, trí bheith i gceannas an rotha agus trí dhul ar ancaire . D'fhoghlaim na rannpháirtithe scileanna saoil tábhachtacha eile freisin, ar nós an tábhacht a bhaineann le hobair foirne agus le freagracht. Chuimsigh an turas seoladh amach go dtí na Muigliní agus filladh trí bhealach Oileáin Dheilginise. Maith sibh ár mairnéalaigh amaitéarachacha go léir!







Rannpháirtithe  
Chlár ExWell

### ExWell

Reáchtáladh ranganna sláinte míochaine um thinneas ainsealach i rith 2021 mar chuid de chlár nua chun cabhrú le grúpaí sa cheantar nár díródh orthu roimhe seo. Atreoraíodh rannpháirtithe trína DTanna áitiúla. Cuireadh gníomhaíocht shaincheaptha ar fáil do na rannpháirtithe le linn an chlár ar bhonn coicisiúil.

### Cúrsa Oiliúna do Mhúinteoirí lóga

Cuireadh tús le Cúrsa Oiliúna do Mhúinteoirí lóga Thionscnaimh NEIC i mí Aibreáin 2021. Ghlac an cúrsa le 14 rannpháirtí áitiúla don chúrsa 11 mhí atá nasctha le Stiúideonna Reifirméisean. Nuair a bheidh siad críochnaithe, beidh na rannpháirtithe láncháilithe chun múineadh in áit ar bit ar domhan. Reáchtáladh an cúrsa i Stiúideonna D Light.



Cúrsa Oiliúna do Mhúinteoirí lóga  
Aibreán 21



## Cispheil

Ritheadh Acadamh Cispheile NEIC do leanaí 7-14 bliana d'aois ar feadh an chuid is mó de 2021 ag Plás Aldborough MUGA. Cuireadh seisiúin cispheile ar fáil freisin i roinnt scoileanna áitiúla sa cheantar. Reáchtáladh campa Cispheile do seasca páiste 7-12 bliain d'aois i mí Iúil. Reáchtáladh cúrsa cóitseála do mhúinteoirí agus d'oibrithe don ógra san NEIC. Reáchtáladh comórtas thar a bheith rathúil 3 in aghaidh 3 i gCearnóg Mhuinseo i mí Lúnasa.



*Cispheil, Páirc Chearnóg Mhuinseo*



## Clár Samhraidh Oibríocht Athghníomhaithe

Ag teacht le treoirínte COVID-19, líonadh páirceanna Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath le go leor gníomhaíochtaí i rith mhíonna an tsamhraidh, le gradchampaí ióga, tai chi, capoeira, rince Afra-Brasaíleach agus ranganna aclaíochta peile Gaelaí ar fáil ar fud cheantar NEIC. Reáchtáladh an clár i gcomhar le Féile Ealaíon an Chúig lampa agus Seirbhísí don Óige agus don Phobal Lourdes agus cuimsíodh é i bhfeachtas an Ionaíad Carter 'Inform Women, Transform Lives'.

*Rince Capoeira, Páirc na Saoirse*

## Cluichí Gaelacha

Leanann Forbairt Scoil Uí Chonaill ag cur deiseanna Cluichí Gaelacha ar fáil d'Ógánaigh an cheantair le suas le 70 rannpháirtí áitiúil ar a bhfoirne Faoi 9 – Faoi 18. Lean Naíonra Scoil Uí Chonaill ar aghaidh ar feadh na bliana ar pháirc peile Scoil Uí Chonaill le suas le 70 rannpháirtí ann go rialta.



*Hoppers Scoil Uí Chonaill*



## Dornálaíocht

Leanadh den Fhorbairt Dornálaíochta ar feadh 2021 agus forbraíodh seisiúin tosaigh dornálaíochta le CASPr, Teach Ozanam, ASEP, Swan, Tionscadal Ógra an Bhaile Bhoicht agus Bradóg YS. Rolladh amach clár bunscoileanna le scoileanna ar nós Sráid Gardiner, Modhscoil Shinsearach an láir, Meánscoil Uí Chonaill agus Buachaillí Naomh Uinseann. Tacaíodh le clubanna dornálaíochta áitiúla Cheantar na nDugaí, an Baile Bocht agus na Corantaigh i rith 2021.

## Cruicéid

Leanadh le gníomhaíocht chruicéid ag Meánscoil Uí Chonaill i rith 2021 agus is gníomhaíocht í a bhfuil an-éileamh uirthi sa scoil. D'fhorbair Cruicéid Laighean, i gcomhar le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus Tionscnamh NEIC clár Liathróid Téipe i gCearnóg Mhuinseo i rith an tsamhraidh, áit a raibh deis ag teaghlaigh páirt a ghlacadh sa chluiche agus foghlaim faoin gcluiche.

*Cleachtadh Cruicéid, Meánscoil Uí Chonaill*



## Sacar

Lean CCDnG agus Tionscnamh NEIC ag tacú le forbairt sacair sa cheantar trí na clubanna áitiúla. Tá méadú tagtha ar líon na gclubanna ar fad atá ag glacadh páirte i cluichí le foirne beaga dá chuid.

## Spóirt

Thacaigh gníomhaíochtaí lena n-áirítear gníomhaíochtaí nua don Óige de chuid Thionscnamh NEIC le Féile Ealaíon an Chuig Lampa agus rinne sé cómhaoiniú ar Oifigigh Forbartha chun raon leathan gníomhaíochtaí spóirt agus folláine a sheachadadh i rith mhíonna an tsamhraidh agus an fhómhair trí sheirbhísí don óige, do scoileanna agus do chlár iarscoile. I measc na ngrúpaí a d'oibrigh leis na cláir seo bhí Teach Ozanam House, The Foundation Project, ASEP, Club Óige Belvedere agus Seirbhís don Óige Bhaile Bhoicht. I measc na scoileanna bhí Naomh Lorcán Ó Tuathail agus Scoil na mBuachaillí Naomh Uinseann. I measc na ngníomhaíochtaí nua bhí Capoeira, Rince Afra-Brasaíleach agus Jiu-Jitsu.

## 12. SARI Football for UNITY



*Foireann na mban SARI ó bhabhta a trí den chomórtas*

Chun ceiliúradh a dhéanamh ar chomóradh 60 bliain de Chraobhchomórtas Peile na hEorpa ag UEFA, d'óstáil Tionscnamh Lár na Cathrach Thoir Thuaidh a chéad Fhéile 'Football for UNITY' i mí an Mheithimh agus i mí Iúil, i gcomhpháirtíocht le Spórt i gCoinne Ciníochais (SARI), páirtithe leasmhara áitiúla, Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe do Dhídeanaithe (UNHCR), Comhairle Dídeanaithe na hÉireann, Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, an FAI agus go leor eagraíochtaí óige áitiúla.

Bunaíodh Spórt i gCoinne Ciníochais (SARI) in 2002, ag baint úsáide as an pheil mar theanga uilíoch chun an pobal domhanda a aontú chun dul i ngleic le hathrú sóisialta. Is ceantar dár gcathair é NEIC ina bhfuil daonra an-ilghnéitheach ann agus chonacthas é seo mar dheis iontach chun pobal NEIC ar fad a thabhairt le chéile ag baint úsáide as samhail SARI 'Football for UNITY'.



Reáchtáladh an Fhéile ar aon dul le cluichí ceannais Euro 2020 in ionaid ar fud NEIC, agus bhí go leor cluichí ardchaighdeán in raibh an scórail an-chóngarach. Cuireadh tús leis an 14 Meitheamh agus chríochnaigh sé le cluiche ceannais sa tráthnóna in Ionad Áineasa Naomh Lorcáin Ó Tuathail an 16 Iúil 2021. Reáchtáladh na cluichí ag roinnt páirceanna astro uile-aimsire áitiúla ar fud NEIC, lena n-áirítear Coláiste Pobail Larkin, Scoil Uí Chonaill, Páirc Hubert Fuller ag Naomh Muire, Ionad Óige an Phoirt Thoir agus ag Ionad Áineasa Naomh Lorcáin Ó Tuathail.

Thug an comórtas deis chun cumas na peile mar uirlis oideachais a thaispeáint agus chun pobail a thabhairt le chéile agus cuimsiú sóisialta a chur chun cinn d'inimircigh nua go hÉirinn. Ghlac breis agus trí chéad duine óg páirt ann, agus fuair an comórtas moladh an-dearfach ó na rannpháirtithe, ó bhaill an phobail agus ó lucht tacaíochta na foirne. Cé gurbh í bliain thosaigh an chomórtais í, is furasta an fhéidearthacht fáis a fheiceáil agus an cumas atá ann a bheith mar spreagadh dearfach maidir le himeascadh, idir phobail sheanbhunaithe agus phobail atá ag teacht chun cinn araon.

Thacaigh láithreacht láidir ar na meáin shóisialta leis an bhFéile, áit ar spreagadh na rannpháirtithe go léir a gcuid cluichí agus a dtorthaí a phostáil, a chlibeáil agus a roinnt, rud a d'fhág go raibh go leor clúdach dearfach sna meáin ar líne agus go leor grianghraf iontach a léirigh scileanna agus aontacht na n-imreoirí trí rannpháirtíocht.

Tá Tionscnamh NEIC ag tnúth le bheith ag obair i gcomhar le SARI arís an bhliain seo chugainn chun comórtas eile a bheidh níos mó agus níos fearr a chur ar bun do Football for UNITY. Comhghairdeas le gach duine a ghlac páirt i gcúis chomh fiúntach agus as cabhrú le hathrú dearfach a chur chun cinn san NEIC.



SARI Football for Unity bronnadh ar bhuaiteoir an chomórtais le Michael Darragh MacAuley



Comórtas SARI Football for Unity á sheoladh ag Brian Kerr



Comórtas SARI Football for Unity



# 13. Úsáid Substaintí, Mí-Úsáid agus Sláinte Cuimsithe



Rannpháirtithe Saol sa seomra ranga amuigh faoin spéir

**Torthaí sláinte a fheabhsú do dhaoine a úsáideann agus a mhí-úsáideann drugaí agus alcól. Sláinte chuimsithe a chur chun cinn do ghrúpaí atá eisiata go sóisialta agus a bhfuil fíor-éagothroime sláinte acu.**

**Tá Jim Walsh, An Roinn Sláinte, ina chathaoirleach ar an bhfoghrúpa seo.**

Bliain rathúil eile a bhí ann don fhoghrúpa seo, ina raibh obair chomhoibríoch láidir le comhghrúpaí

laistigh de Thionscnamh NEIC mar chuid de. Seo a leanas cuid de bhuaicphointí obair an ghrúpa i mbliana:

- D'oibrigh an grúpa leis an bhfoghrúpa NEIC 'Deiseanna Oideachais, Oiliúna agus Fostaíochta a Uasmhéadú' chun roghanna dul ar aghaidh sa mhargadh oibre a neartú do dhaoine atá ag fágáil tionscadail athshlánúcháin drugaí agus seirbhísí cóireála drugaí eile. Chuir an Roinn Coimirce Sóisialaí maoiniú ar fáil chun socrúchán aonair

agus tionscadal tacaíochta (IPS) a chur ar bun laistigh den tseirbhís fostaíochta áitiúil do dhaoine a bhfuil andúil i ndrugaí agus alcól orthu.

- Mhol an grúpa maoiniú d'Oibrí Téarnaimh sa tseirbhís HOPE. Is é aidhm an phoist speisialaithe tuilleadh forbartha a dhéanamh ar chontanam cúraim idirghníomhaireachta dóibh siúd atá ag téarnamh tar éis mí-úsáid substaintí. Tá maoiniú leithdháilte ar feadh tréimhse bliana tosaigh, agus tá an FSS chun maoiniú breise do bhliain bhreise a mheas.
- Chuir an Roinn Coimirce Sóisialaí maoiniú ar fáil do na Seirbhísí Fostaíochta Áitiúla ag Ionad Acmhainní Naomh Aindriú chun tionscadal socrúcháin agus tacaíochta aonair (IPS) a chur ar bun do dhaoine a bhfuil andúile i ndrugaí agus alcól orthu. Á se i gceist ag an tionscadal conas is féidir le tacaíochtaí fostaíochta agus sláinte tacú le duine atá ag brath ar alcól agus/nó ar dhrugaí dul isteach i bhfostaíocht phríomhshrutha a léiriú.
- D'éirigh leis an ngrúpa maoiniú do chlár iarchúraim a mholadh agus a fháil, clár a fhreastalóidh ar riachtanais chúraim shláinte agus shóisialta daoine aonair nuair a scaoilfear saor ó phríosún iad. Is tréimhse ardriosca do chiontóirí é an t-aistriú ó phríosún go dtí an pobal, mar is féidir leo idirdhealú agus stiogma a fheiceáil, agus é deacair dóibh plé le seirbhísí sláinte pobail. Díreofar an clár seo ar an tréimhse tosaigh scaoilte (ceithre seachtaine). Pléfidh le daoine aonair a scaoileadh le déanaí agus lena dteaghlach agus cabhróidh sé leo rochtain a fháil ar sheirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta príomhshrutha. Tá naisc cruthaithe ag Foghrúpa 5 leis an gclár RECONNECT a d'fhorbair an NHS i Sasana, agus a fhorbraíonn conairí cúraim amach ó shuíomhanna coinneála. Táthar ag súil go dtreoróidh na naisc seo forbairt chlár NEIC.
- Chuir an grúpa tús le clár d'fhonn básanna bainteach le drugaí a chosc. Gné amháin d'úsáid drugaí san NEIC is ea an líon ard na mbásanna de bharr drugaí. Féachann an tionscnamh seo



Rith Téarnaimh HOPE 2021

le básanna bainteach le drugaí a chosc agus a laghdú i measc grúpaí ardriosca, amhail daoine gan dídean agus úsáideoirí ildrugaí. Is éard a bheidh i gceist leis ná comhairliúchán le soláthraithe seirbhíse, le daoine a úsáideann drugaí agus lena dteaghlach chun léargais a fháil agus feasacht a mhéadú i measc an phobail i gcoitinne. Féachfaidh sé le hinfhaighteacht nalocsóin a mhéadú i measc soláthraithe seirbhíse, daoine a úsáideann drugaí agus a dteaghlach agus tacaíochtaí meabhairshláinte a shainaitheint do dhaoine atá i mbaol ródháileog drugaí.

- Cuireadh maoiniú ar fáil d'Acadamh Téarnaimh na hÉireann chun mol acmhainní téarnaimh a chur ar bun chun seirbhísí aisghabhála andúile a fheabhsú i lár na cathrach thuaidh. Feidhmeoidh an mol mar fhiontar sóisialta agus cuimseoidh sé caifé agus spás oscailte. Tá an t-áitreabh don mhol agus na costais chaipitiúla chun an foirgneamh a athchóiriú á soláthar ag FSS. Chabhraigh Tionscnamh NEIC le feistiú an chaifé agus le costais reatha na chéad bhliana.
- Lean an Grúpa ag tacú leis an Tionscadal um Phobail Shláintiúla, a bhfuil sé mar aidhm aige dul i ngleic le héagthroime sláinte san NEIC trí chumas an phobail a fhorbairt d'fhonn dul i ngleic le saincheisteanna sláinte a bhfuil tionchar acu orthu. Reáchtáil sé cuid mhaith clár sláinte pobail: Is Féidir Linn Caitheamh Tobac a thabhairt suas, Bia Sláintiúil Gan Stró, Litearthacht Sláinte, Meabhairshláinte, Smachtú Struis agus Folláine.





An tArdmhéara Alison Gilliland lóga lóga Páirc na Saoirse Lá Idirnáisiúnta Feasachta ar Ródháiileog

## Fócas ar Thionscadal Oiliúint Dhédhiagnóise

Ar cheann de na príomhghníomhaíochtaí don fhoghrúpa seo tá tuilleadh moltaí a bhreithniú maidir le seirbhísí a fheabhsú agus comhoibriú chun dédhiagnóis a neartú, is é sin go bhfuil duine ag maireachtáil le fadhbanna meabhairshláinte agus úsáide substaintí ag an am céanna.

Chuir sin, mhaoinigh an PIB Coláiste Téarnaimh Bhaile Átha Cliath Thoir Thuaidh chun éascú a dhéanamh ar idirghabháil foghlama pobail ar dhédhiagnóis. Chuir an coláiste ceardlanna feasachta ar fáil, agus ansin ceardlanna 'Oiliúint do Oiliúnóir' chun cabhrú le heagraíochtaí agus le daoine sa phobal leanúint ag tógáil acmhainne ar fheasacht dédhiagnóise tar éis na sraithe tosaigh ceardlann.

Reáchtáladh ceithre cheardlann dédhiagnóise dhá lá, agus dhá cheardlann aon lae 'Oiliúint do Oiliúnóir', iad uile ar líne. Bhí na ceardlanna díriothe ar ghairmithe soláthair cúraim, daoine a bhfuil taithí dhédhiagnóise acu (iad féin agus/nó teaghlach) agus cónaitheoirí ar mhian leo níos mó a fhoghlaim faoi conas is féidir le daoine, le pobail agus le seirbhísí freagairt do dhédhiagnóis

ina bpobal féin. Ghlac seachtó cúig duine páirt sna ceardlanna feasachta dédhiagnóise agus tríocha duine sna ceardlanna 'Oiliúint do Oiliúnóir'. Ba as eagraíochtaí pobail formhór na rannpháirtithe. Ghlac níos mó daoine páirt sna ceardlanna 'Oiliúint do Oiliúnóir' ná mar a rabhthas ag súil leis, a d'fhéadfadh tionchar níos mó a bheith aige ar acmhainneacht an phobail.

Tríd is tríd, bhí an taithí a bhí ag rannpháirtithe ó thaobh foghlaim, líonrú, agus tuiscint agus léirthuiscint níos fearr a fháil ar dhédhiagnóis de dearfach. Spreag sé comhfheasacht agus inspreagadh chun páirt bhreise a ghlacadh i bhfreagairt comhtháite ar dhédhiagnóis. Chuir na ceardlanna le heolas na rannpháirtithe ar dhaoine a bhfuil dédhiagnóis acu agus cad a d'fhéadfadh a bheith i gceist leis sin.

Amach anseo, táthar ag súil le ceardlanna duine le duine a eagrú ina mbeidh hionadaíocht níos leithne ó dhaoine a bhfuil féintaithe acu agus ó sheirbhísí reachtúla chun córas iomlán foghlama agus rannpháirtíochta a chur chun cinn.



# 14. Seirbhísí a Ailíniú



Oibrí don Ógra ar a láthair féin Swan

**Seachadadh seirbhísí a chomhtháthú agus a ailíniú ar fud ranna rialtais, seirbhísí pobail, gníomhaireachtaí agus institiúidí. An tsamhail City Connects a chur in oiriúint, a chur i bhfeidhm agus a mheas. Ceannaireacht pobail a fheabhsú. Seirbhísí luathbhlianta agus iarscoile a fheabhsú.**

**Tá John Cole, an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige ina chathaoirleach ar an bhfoghrúpa seo. Oibríthe don Ógra ar a láthair féin Swan**

- Ghlac 18 seirbhís don aos óg páirt i gcomhairliúcháin, as a dtáinig forbairt an Treochláir chun Ailínithe: Comhtháthú Tionscadal Oibre don Aos Óg agus seirbhísí an óige i bplean NEIC Bhaile Átha Cliath.
- Cuireadh an clár City Connects i bhfeidhm i ndeich



Oibrí don Ógra ar a láthair féin Swan

mbunscoil san NEIC. D'oibrigh Comhordaitheoirí City Connects leis na deich scoil le linn na bliana acadúla 2020/2021, ag bailiú sonraí ar láidreachtaí agus riachtanais na ndaltaí, agus ag aithint na háiteanna ina dteastaíonn tacaíochtaí breise inscoile ó dhaltaí agus/nó ag déanamh atreoraithe chuig seirbhísí ábhartha.

- Tugann sonraí ó shuirbhéanna mac léinn City Connects tásc soiléir do na páirtithe leasmhara ar fad ar ghníomhaíochtaí inar mhaith le leanaí sa

cheantar a bheith rannpháirteach. Ba iad na trí ghníomhaíocht is fearr ná snámh, cócaireacht agus ealaín.

- Tugann sonraí ó shuirbhéanna dhaltai City Connects táscairí soiléire do na páirtithe leasmhara ar fad maidir le gníomhaíochtaí inar mhaith le leanaí sa cheantar a bheith rannpháirteach. Ba iad na trí ghníomhaíocht ab fhearr ná snámh, cócaireacht agus ealaín
- Tá Foireann Ildisciplíneach tiomnaithe (MDT) de theiripeoirí urlabhra agus teanga agus saothair, síceolaithe agus leibhéal feabhsaithe de shíceolaithe NEPS ag obair ar fud na ndeich mbunscoil NEIC. Tugann an fhoireann seo tacaíocht dhíreach do dhaltai agus dá dteaghlach, chomh maith le tacaíocht indíreach trí thacaíochtaí forbartha acmhainne a thabhairt do mhúinteoirí.
- Tá Grúpa Cónaitheoirí Pháirc na Saoirse ag obair chun iompar réamhshóisialta a chothú sa pháirc agus sna ceantair máguaird.
- Tá tús curtha le tionscadal taighde chun measúnú



Club Óige Belvedere 2021

a dhéanamh ar na riachtanais reatha agus na riachtanais atá ag teacht chun cinn do leanaí 0 go 5 bliana d'aois san NEIC. Táthar ag súil le go mbeidh moladh sa tuarascáil deiridh go mbunófar samhail chuimsitheach inbhuanaithe de sheirbhísí luathbhlianta/óige agus tacaíochtaí ar féidir a bheith solúbtha agus curtha in oiriúint chun freastal ar riachtanais gach linbh agus teaghlaigh sa cheantar, lena n-áirítear iad siúd a bhfuil riachtanais bhreise nó speisialta acu.

## Fócas ar Thionscadal Foireann Ildisciplíneach NEIC

Tá Foireann Ildisciplíneach tiomnaithe (MDT) ag obair i ndeich gcinn de bhunscoileanna NEIC ó Mheán Fómhair 2020. Cuimsíonn an MDT baill foirne ó FSS agus ón Roinn Oideachais, lena n-áirítear triúr síceolaithe NEPS, síceolaí FSS amháin, triúr teiripeoirí saothair FSS agus triúr teiripeoirí urlabhra agus teanga FSS. Is seirbhís scoile atá bunaithe ar riachtanais í an MDT a fhreagraíonn do na ceisteanna a thagann chun cinn i gcás gach linbh, a dteaghlaigh agus a scoile. Tuigean an MDT nach bhfuil an méid céanna tacaíochta de dhíth ar gach leanbh le go n-éireoidh go maith lei/leí ar scoil agus sa bhaile. Oibríonn baill MDT le pobal uile na scoile, le tuismitheoirí/caomhnóirí, le ranganna iomlána, le grúpaí beaga leanaí agus le leanaí aonair.

Oibríonn an MDT le foireann na scoile laistigh de struchtúir atá ann cheana féin, mar shampla an Contanam Tacaíochta, a chuireann forbairt scileanna chun cinn le difreáil chuí do riachtanais aonair.

### Diantacaíocht –

Cruinnithe Múinteoirí/  
Tuismitheoirí,  
measúnú agus teiripe

### Tacaíocht Ghrúpa – Ag

obair le grúpaí leanaí chun  
scileanna nua a fhoghlaim  
e.g. grúpaí teiripe teanga,  
scileanna luaileacha,  
mothúcháin

### Tacaíocht Scoile Uile – oiliúint foirne

scoile, Ceardlanna do Thuismitheoirí,  
clinicí comhairle do mhúinteoirí

Oibríonn an MDT ar dhá phríomhbhealach i scoileanna:

**1. Obair thacaíochta agus fhorbartha:** bíonn tionchar ag ár n-obair méadaithe chumais ar gach leanbh, ar gach ball foirne agus ar gach tuismitheoir/caomhnóir sna scoileanna seo. Oibríonn an MDT le scoileanna/tuismitheoirí/caomhnóirí chun eispéireas na leanaí a fheabhsú, chun timpeallachtaí scoile a chruthú chun deacrachtaí a thagann chun cinn a chosc agus chun riachtanais a aithint go tráthúil freisin agus chun freagairt le hidirghabháil chuí atá fianaisebhunaithe. Áirítear le hobair thacaíochta agus fhorbartha:

- Oiliúint foirne scoile - reáchtáladh 18 gcúrsa oiliúna trasna teiripe shaothair (OT), teiripe urlabhra agus teanga (SLT) agus síceolaíocht, agus 637 ball foirne scoile ag freastal ar na cúrsaí oiliúna agus roinnt acu ag freastal ar oiliúint iolrach.
- Clinicí comhairle do mhúinteoirí agus do thuismitheoirí/chaomhnóirí - 189 ag freastal.
- Idirghabhálacha spriocdhírithe múinteoirí/tuismitheoirí – 337 ag freastal.
- Forbairt acmhainní - 34 acmhainn forbartha thar gach disciplín.

**2. Cásobair leis na leanaí, lena dtuismitheoirí agus lena múinteoirí:** nuair a atreoraíonn an scoil leanbh chuig an MDT, déantar cinneadh i gcomhairle leis an scoil, le tuismitheoirí/caomhnóirí/leanbh maidir leis an gconair is oiriúnaí do riachtanas an linbh sin.

Áirítear le cásobair:

- Idirghabhálacha - 554 leanbh ranga uile
- Oiliúint sa rang - 71 seisiún
- Grúpa - 146 seisiún spriocdhírithe
- Measúnuithe 1:1 rinneadh 292 measúnú thar na disciplíní go léir
- Idirghabhálacha rinneadh 868 seisiún ar fud na 1:1 ndisciplíní go léir (cómhalartach)

Gan rochtain ar an MDT, bheadh na leanaí seo ar liostaí feithimh sna seirbhísí príomhchúraim traidisiúnta aon-disciplíneach, le hamanna feithimh idir 18 mí agus trí bliana chun rochtain a fháil ar sheirbhísí cliniciúla. Léiríonn sé seo feabhas suntasach ar rochtain ar sheirbhísí do leanaí sna deich scoil seo agus laghdaigh sé an brú ar liostaí feithimh rochtain a fháil ar sheirbhísí FSS sa phobal. Is fiú a thabhairt faoi deara freisin gur laghdaíodh amanna feithimh SLT faoi 46 seachtain thar an tréimhse seo.

Feabhsaíodh an tseirbhís NEPS do scoileanna freisin. Laistigh dá ról san NEIC, MDT agus NEPS, tá méadú faoi chúig tagtha ar rannpháirtíocht dhíreach le cásanna aonair laistigh de bhliain amháin; agus osclaíodh 27 cás in 2019-2020 a mhéadaigh go 156 cás in 2020-2021. Léiríonn an méadú faoi chúig seo ar chásobair dhíreach méadú ollmhór ar chumas NEPS oibriú le leanaí agus foireann scoile san NEIC. Rinne cumas feabhsaithe NEPS faoi Thionscadal Píolótach MDT NEIC rudaí níos éasca freisin do shíceolaithe tabhairt faoi idirghabhálacha don fhoghlaim shóisialta mhothúchánach (SEL) agus chun raon oiliúna saincheaptha a dhearadh agus a chur ar fáil d'fhoireann scoile mar fhreagra ar riachtanais aitheanta.

Oibríonn an MDT i gcomhar le seirbhísí inscoile eile, mar shampla comhordaitheoir teagmhála baile scoile, clár críochnaithe scolaíochta agus Comhordaitheoirí City Connects. Bíonn an MDT a plé freisin le comhpháirtithe pobail ar nós CAMHS, Meitheal agus Daoine Óga i mBaol (YPAR) chun tacaíochtaí cuimsitheacha a uasmhéadú do leanaí, dá scoileanna agus dá dteaghlaigh.



# 15. Oibríocht Athghníomhaithe agus Spóirt NEIC



## I measc na ngníomhaíochtaí fíorúla bhí:

1. Ceardlanna cóitseála.
2. Naíolann seachtainiúil Zoom Scoil Uí Chonaill.
3. Chuir mol fíorúil Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath (DCC) ranganna rince, ranganna ióga, ranganna aclaíochta agus nirt ar fáil.
4. Ón Tolg go 3k.
5. Bhí iliomad ranganna ar fáil go laethúil le linn na dtréimhsí ba shrianta de phaindéim COVID-19.

**Ritheadh Oibríocht Athghníomhaithe ar feadh 20 seachtain in 2021, ag teacht le prótacal COVID-19 an Rialtais.**

## 18

### Clúdaíodh 18 gníomhaíocht faoi Oibríocht Athghníomhaithe agus faoi Chlár Spóirt Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, lena n-áirítear:

1. **Peil:** Óstáladh 1 comórtas peile SARI for UNITY, le breis is 300 rannpháirtí ar fud ionaid éagsúla sa NEIC.
2. **Cispheil:** ranganna blaiste le scoileanna áitiúla (Central Model SS / Coláiste Rutland, Scoil Shóisearach Naomh Uinseann agus Scoil Naomh Lorcán Ua Tuathail).
3. **Dornálaíocht.**
4. **Lúthchleasaíocht.**
5. **Rugbaí:** 2 oifigeach ó rugbaí Laighean ag obair le 5 scoil sa cheantar.
6. **Cadhcaíl.**
7. **Cruicéid:** 1 oifigeach cruicéid ag obair le Scoil Uí Chonaill, 'Tapeball' tugtha isteach i gCearnóg Mhuinseo agus Páirc Fhionnradhairc.
8. **Capoeira.**
9. **Ju-Jitsu.**
10. **Tai chi.**
11. **Grodchúrsaí ard-déine/ HIIT.**
12. **CLG agus CLG** do Mhamaithe, lena n-áirítear tacaíocht do naíonra Scoil Uí Chonaill, agus suas le 80 páiste ag freastail go rialta.
13. **Ióga,** lena n-áirítear ióga do leanaí a bhfuil riachtanais bhreise acu.
14. **Capoeira.**
15. **Rince Afra-Brasaíle.**
16. **Liathróid láimhe Oilimpeach.**
17. **Boghdóireacht.**
18. **Taekwondo:** Thionóil Club Taekwondo Sráid Sean Mc Dermott a thaispeántas Taekwondo bliantúil le tacaíocht ó Thionscnamh NEIC agus DCC.



**Bíonn imeachtaí  
ar siúl suas le 7  
lá na seachtaine  
le linn thréimhse  
an tsamhraidh**



**Na céadta  
rannpháirtí ar  
fud ár réimse  
spóirt agus  
gníomhaíochtaí  
go léir.**

**Reáchtáladh  
ceardlanna  
frithchiníochais  
agus  
meabhairshláinte  
i scoileanna  
áitiúla le linn mhí  
na Bealtaine**



**10**

**n-ionad a úsáideadh (laistigh agus  
lasmuigh), lena n-áirítear:**

1. Páirc Chearnóg Mhuinseo
2. Páirc na Saoirse
3. Páirc Diamond
4. Ceantar Halla Paróiste Lourdes
5. MUGA Naomh Lorcán Ua Tuathail
6. Páirc Fhionnradhairc
7. Spás oscailte Shráid an tSirriam (Páirc an Bhogha Báistí)
8. Coláiste Pobail Lorcáin
9. MUGA Mheánscoil Uí Chonaill
10. MUGA Pháirc Hubert Fuller



# 16. Plé le Gnóthais


## “Flaismheantóireacht” na hIdirbhliana agus taithí oibre fhíorúil:

Mar gheall ar na dúshláin a bhí ann agus na srianta a bhí i bhfeidhm mar gheall ar COVID-19, ní raibh sé indéanta taithí oibre ar an láthair a chur ar fáil. Mar sin féin, chun tacaíocht a thabhairt do scoláirí na hIdirbhliana, forbraíodh agus cuireadh i bhfeidhm córas “Flaismheantóireachta”. Thug Flaismheantóireacht deis do na daltaí bualadh le daoine gairmiúla éagsúla thar raon slíthe beatha. I ngach seisiún Flaismheantóireachta, bhuail gach dalta le gairmí nua ó eagraíochtaí agus ó chúlaí gairme éagsúla. Thug an struchtúr seo deis do dhaltai bualadh le meantóirí a bhain leo, chomh maith le deiseanna chun eolas a fháil faoi raon leathan réimsí gairme. Mar shampla, d’fhéadfadh go mbeadh cruinniú duine le duine ag dalta le haturnae, státseirbhíseach, Garda, bainisteoir láithreáin agus cuntasóir.

Ceann de ghnéithe uathúla an chlár ná go bhfuil sé faoi stiúir na ndaltaí agus struchtúr agallaimh eolais aige. Bhí sé mar aidhm ag an gcur chuige seo na scoláirí a thógáil amach as a gcrios chompond agus an deis a thabhairt dóibh a muintín a mhéadú i dtimpeallacht thacúil. Cruthaíodh leabhar saothair don dalta chun tacú leis an struchtúr seo.

Chun tacú leis an gclár “Flaismheantóireachta”, earcaíodh 169 oibrí deonach agus ó 35 eagraíocht ar a ndearna an Garda grinnfhiosrúchán orthu, óstáladh 45 imeacht ar líne agus eagraíodh 200 seisiún duine-le-duine. I

measc na n-eagraíochtaí a bhí páirteach bhí: A&L Goodbody, PwC, an Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta, an Roinn Oideachais, an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas,







Flaismheantóireacht

Learn Signal, Ospidéal an Mater, State Street, The Wheel, Trust inSoda, Eversheds Sutherland, Ibec, Kennedy Wilson, The Magic of Music, An Garda Síochána, TD Global Securities, AIG, An Post, Bord Bia, Cairn Homes, Cpl, Coláiste Náisiúnta na hÉireann, An tÚdarás Póilíneachta, Activate Capital, Matheson, McCann FitzGerald agus an GBCN.

Chomh maith leis an bhflaismheantóireacht agus a bhuí le hurraíocht ó PwC, A&L Goodbody, Three Ireland, State Street agus McCann Fitzgerald, forbraíodh clár taithí oibre fíorúil agus cuireadh ar fáil é do na sé scoil dara leibhéal sa cheantar. Ba iad Susan Hayes Culleton agus a foireann a rinne an clár a chur ar fáil. Bhí naoi n-imeacht ann san iomlán, agus cuireadh gach imeacht in oiriúint do na daltaí tar éis dul i gcomhairle le múinteoirí na scoile chun freastal ar riachtanais na scoláirí.

Bhí na seisiúin idirghníomhach agus tascdhírithe

chun go mbeadh gach dalta gnóthach i rith an lae agus iad ag críochnú an lae le foghlaim agus torthaí intomhaiste. Tugadh treoir do na daltaí maidir le húsáid uirlisí ar nós Google Sheets chun tuairimí céatadáin bunaithe ar thuairimí ranga ar na topaicí a pléadh a chódú agus a chruthú.

Cuireadh de chúram ar na daltaí ar a gcuid toimhdí faoin saol oibre a scrúdú, mar shampla “caithfidh tú dul chuig an gcoláiste chun post a fháil” nó “formhór na ndaoine, ní maith leo a bpost”. Cuireadh na toimhdí seo faoi bhráid aoichainteoirí ó na cuideachtaí a rinne urraíocht ar an seisiún níos déanaí chun aiseolas beo a thabhairt d’fhonn braistintí diúltacha ar an saol oibre a mhaolú. Cheistigh na scoláirí a laigí féin freisin agus tugadh dúshlán dóibh, le cabhair, slite beatha a mheas ina bhféadfaí na laigí seo a mheas mar láidreach. Ba é tasc deiridh an lae cláir físe a chruthú.

# 17. Cistiú NEIC 2016 – 2021

Toisc go raibh obair Bhord Forfheidhmithe Clár NEIC dírithe ar chur chuige nuálaíoch agus radacach a ghlacadh d'fhonn athrú a spreagadh, ní hé an t-airgead a chaitheadh an t-aon slat tomhais ar dhul chun cinn. Mar sin féin, tá infheistíocht shuntasach déanta ag an Rialtas san NEIC le roinnt blianta anuas.

Tá na foinsí agus na méideanna maoinithe a chuir an Rialtas ar fáil do thionscnamh NEIC ó 2016 go 2021

leagtha amach sa tábla achomair seo a leanas. Tá tuilleadh sonraí ar thionscadail a leithdháileadh cistiú orthu in 2021 agus ar Dheontais Pobail ceadaithe sna hAguisíní ag deireadh na Tuarascála seo.

Tá 7.5 milliún de mhaoiniú geallta ag an Rialtas do 2022 don Tionscnamh NEIC faoi Vóta na Roinne Forbartha Tuaithe agus Pobail.

## ATHCHOIMRE AR FHOINSÍ CISTIÚCHÁIN:

|                          |                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                             |                                                             |
|--------------------------|-----------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|-------------------------------------------------------------|
| 2021                     | An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail<br>An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail (Ciste Fostaíochta Sóisialta)                                                                                                                                                                                                                                                              | €5,500,000<br>€1,000,000                                    |
| 2020                     | An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail<br>An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail (Ciste Fostaíochta Sóisialta)                                                                                                                                                                                                                                                              | €5,500,000<br>€1,000,000                                    |
| 2019                     | An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail<br>An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail (Ciste Fostaíochta Sóisialta)                                                                                                                                                                                                                                                              | €5,500,000<br>€1,000,000                                    |
| 2018                     | An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail<br>An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail (Ciste Fostaíochta Sóisialta)<br>An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais                                                                                                                                                                                                                 | €2,500,000<br>€1,000,000<br>€146,810                        |
| 2017                     | An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail<br>An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt (Ciste na gCuntas Díomhain)                                                                                                                                                                                                                                                          | €2,500,000<br>€100,000                                      |
| 2016                     | An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt (Ciste na gCuntas Díomhain)<br>An Roinn Pleanála Tithíochta, Pobail agus Rialtais Áitiúil<br>An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige<br>An Roinn Ealaíon, Oidhreacht, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta;<br>agus Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath<br>An Roinn Sláinte (Tionscadail a bhaineann go sonrach le drugaí) | €1,000,000<br>€3,655,000<br>€165,000<br>€55,000<br>€100,000 |
| <b>IOMLÁN FORIOMLÁN:</b> |                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                             | <b>€30,761,810</b>                                          |

# 18. Mianta do 2022

Ó cuireadh tús leis in 2016, tá dul chun cinn suntasach déanta ag Tionscnamh NEIC maidir le chur i bhfeidhm Thuarascáil Mulvey. Is í mian Bhord Forfheidhmithe Chláir NEIC – agus gach duine atá bainteach leis an Tionscnamh – leanúint ag obair go dian chun todhchaí níos gile a chruthú do gach duine a bhfuil cónaí orthu agus a oibríonn i Lár Chathair Bhaile Átha Cliath Thoir Thuaidh.

Ba í 2021 an dara bliain de chur i bhfeidhm Phlean Straitéiseach NEIC 2020–2022 agus rinneadh dul chun cinn suntasach, mar atá leagtha amach sa Thuarascáil seo. Leanfar le cur i bhfeidhm Phlean Straitéiseach NEIC an bhliain seo chugainn agus, chuige sin tá gníomhaíochtaí tosaíochta sainaitheanta thar na sé shruth oibre in 2022:

- **Póilíneacht Fheabhsaithe**
- **Deiseanna Oideachais, Oiliúna agus Fostaíochta a uasmhéadú**
- **Folláine Theaghlaigh**
- **Folláine an Phobail agus ar an Tírdhreach Fisiciúil a fheabhsú**
- **Úsáid Substantí, Mí-Úsáid agus Sláinte Cuimsithe**
- **Seirbhísí a Ailíniú**

**Faoin sruth oibre Póilíneachta Feabhsaithe, is iad ár mianta ná:**

- Seirbhísí póilíneachta sa phobal a fheabhsú le béim ar phóilíneacht shofheicthe;
- Leanúint ar aghaidh ag tacú le pólótú Chomhpháirtíocht Sábháilteachta Pobail Áitiúil na Lár ná Cathrach Thuaidh ag teacht leis an gcur chuige atá molta ag an gCoimisiún um Thodhchaí na Póilíneachta in Éirinn;

- Leanúint ag tacú le hOifigigh Idirchaidrimh don Óige, Promhadh Daoine Óga (YPP) agus Extern(Maoirseacht ar Dhaoine ar Bhannaí) atá ag comhoibriú chéile chun leanaí a choinneáil amach as an gcóras ceartais nó iad a scor ón gcóras a luaithe is féidir;
- Moladh do Chlár na nGardaí ar Promhadh a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm, ag díriú ar rannpháirtíocht leis an bpobal agus ‘aghaidh póilíneachta’ a cheapadh don phobal.

**Faoin sruth oibre um Dheiseanna Oideachais, Oiliúna agus Fostaíochta a Uasmhéadú, is é ár n-miana ná:**

- Tacú le deiseanna fostaíochta, oideachais agus oiliúna do gach cónaitheoir san NEIC agus iad a fheabhsú;
- Leanúint ag tacú le cónaitheoirí san NEIC le tionscnaimh oiliúna agus dul chun cinn gairme trí Straitéis Oideachais Aosaigh agus Phobail NEIC saincheaptha a chur i bhfeidhm;
- Leanúint leis an gclár P-TECH a chur i bhfeidhm agus a leathnú;
- Tionscnaimh do dhaltáí an NEIC a chur ar bhonn inbhuanaithe (m.sh., Clár Taithí Oibre na hIdirbhliana/5ú Bliain agus Tionscnamh Flaismheantóireachta);
- Tús a chur le cur i bhfeidhm gníomhartha tosaíochta an Phlean Tionchair Shóisialta;
- An maoiniú do phoist sa Chiste Fostaíochta Sóisialta a chur ar bhonn inbhuanaithe.





Tionscadal SAOL 2021

### **Faoi Sruth Oibre um Fholláine an Teaghlaigh, is é ár mian ná**

- Taighde ar sholáthar seirbhísí do leanaí 0 go 7 mbliana d'aois sa cheantar a thosú agus a chur i gcrích;
- Tacú le hobair an Chomhordaitheora Tacaíochta do Thuismitheoirí;
- An Tionscnamh Píolótach Aon Bhliana um Chásbhainistiú Pobail a dhearadh agus a chur i bhfeidhm;
- Socruithe comhroinnte sonraí idir Tusla agus gníomhaireachtaí tacaíochta eile (m.sh., An Garda Síochána, FSS) a chur ar bhonn foirmiúil;
- Leanúint le hardú feasachta ar an tábhacht a bhaineann le soláthar seirbhíse trámabhunaithe agus na huirlisí riachtanacha a chur ar fáil d'oibrithe don ógra chun tacú le daoine óga a bhfuil tráma orthu mar gheall ar choireacht agus ar fhoréigean;

- Dul i mbun plé le foghrúpaí ábhartha chun freastal ar riachtanais iarscoile leanaí bunscoile, lena n-áirítear leanaí theaghlaigh imirceacha;
- Plean straitéiseach don phobal a fhorbairt chun cleachtas aisiríoch a úsáid ar fud an NEIC.

### **Faoi Folláine Phobail agus an Tírdhreacha Fisiceach a Fheabhsú, is é ár mian ná**

- Leanúint le cur i bhfeidhm thionscnaimh na réimsí poiblí (lena n-áirítear an Straitéis Ghlasaithe agus Tionscadal an Ribín Ghlais), chomh maith le cláir chruthaitheacha, spóirt agus folláine agus imeachtaí pobail;
- Tuilleadh dul chun cinn a dhéanamh ar thionscadail chaipitil phoiblí sa cheantar, mar shampla Mol Pobail Shráid Rutland agus Linn Snámha Shráid Sheáin Mhic Dhiarmada;
- Líon na dTionscnamh idirchultúrtha san NEIC a

mhéadú;

- Ról Chomhordaitheoir na nEalaíon Pobail a fheabhsú agus a fhorbairt i bhforbairt tionscnamh pobail áitiúil;
- Leanúint le himeachtaí tiomnaithe pobail, agus cláir spóirt agus ealaíon pobail ag reáchtáil don NEIC.
- Continue the implementation of public realm initiatives (including the Greening Strategy and Green Ribbon Project), and of creative, sports and wellbeing programmes and community events;

### **Faoin sruth oibre Sláinte maidir le hÚsáid Substantí, Mí-Úsáid agus Cuimsiú, is é ár mian ná**

- Rochtain ar sheirbhísí meabhairshláinte do ghrúpaí leochaileacha a fheabhsú;
- Roghanna eile seachas smachtbhannaí comhéigheacha a fhorbairt do chionta bainteach le drugaí, lena n-áirítear clár atreoraithe chuig seirbhísí drugaí agus alcóil;
- Tacú le soláthar seirbhísí agus tacaíochtaí athshlánaithe andúile i gcomhar le soláthraithe seirbhísí deonacha, ar nós an Acadaimh Téarnaimh;
- Rochtain ar chlár faoi threoir FSS ar mhí-úsáid alcóil agus meabhairshláinte a chur chun cinn;
- Bealaí le tuilleadh feabhais a chur ar rochtain ar sheirbhísí cúram sláinte do ghrúpaí atá eisiata go sóisialta a mheas, bealaí atá nasctha leis an mol cuimsitheach sláinte. Faoin sruth oibre maidir le Seirbhísí a Ailíniú, is iad ár mianta ná:
- Leanúint leis an gclár ceannaireachta óige ‘Ceannairí Óga um Shaoránacht Ghníomhach’ a chur i bhfeidhm;
- Leanúint le tacaíocht a sholáthar do theiripe shaothair, teiripe urlabhra agus teanga agus seirbhísí síceolaíochta do leanaí san NEIC;

